



SELF HELP  
Africa  
Alive

Leabhar a Dó

# AN BIA, AN TALAMH AGUS NA CRAINN

# Réamhrá

Féach ar leathanach 40 don Cur Chuige Traschuracalam

Seo an dara leabhar sa tsraith atá á tabhairt amach ag Self Help Development International. Is é uisce an t-ábhar atá faoi chaibidil sa chéad leabhar agus tugann se léargas dúinn ar cé chomh tábhachtach is atá an t-uisce dúinn go léir inár saol laethúil. Freisin, cuireann sé ar ár súile dúinn na fadhbanna bunúsacha atá ag daoine agus iad ag iarraidh teacht ar uisce agus conas a réitíonn siad na fadhbanna seo.

Is í príomhaidhm na sraithe seo ná eolas a thabhairt faoin saol san Afraic i leagan amach atá suimiúil agus atá daite go hálainn. Is í an dara haidhm atá léi ná amhras a chaitheamh ar na híomhánna is ar na scéalta diúltacha atá amuigh i leith na dtíortha faoi fhorbairt. Níl amhras ar bith ach go bhfuil fadhbanna ann. Leagtar an-bhéim sa tsraith seo ar na slite ina ndéantar na fadhbanna seo a réiteach. Dírítear go speisialta ar shaol lucht tuaithe na hAfraice ar a gcuid feirmeacha agus sna sráidbhailte.

Tá an t-aoisraon ar a bhfuil an tsraith seo dírithe leathan, 10-17 mbliana d'aois. Mar sin tá réimse alt inti a dhéanfaidh freastal ar na cúrsaí ar suim leis na mic léinn iad agus ar an leibhéal oideachais atá ag gach aicme díobh. Tá sé i gceist freisin go mbainfí úsáid as an tsraith seo chun freastal ar roinnt ábhar léinn difriúil. Ciallaíonn sé seo go mbeidh dearcadh difriúil ar na scéalta ó ábhar go hábhar agus tuiscintí difriúla orthu. Cabhróidh an t-eolas sin chun léargas a thabhairt ar cathain, cá háit, conas nó cen fáth ar tharla rudaí áirithe agus ar an toradh a bhí acu ar shaol na ndaoine.

Baineadh úsáid as íomhánna a bhí ar ardchaidheán chun na cásanna éagsúla a

léiriú. Tá sé fíorthábhachtach go bhféachfaí go cúramach ar na híomhánna seo agus go gcuirfí dóthain ama ar fáil chun a bhfuil á thaispeáint acu a phlé.

Tá gearrcheisteanna agus cleachtaí ag deireadh gach scéil chun go mbeadh seans ag daltaí na pointí éagsúla a thabhairt chun cuimhne, agus plé a dhéanamh orthu.

Is é an leagan amach atá ar an leabhar ná pictiúr ginearálta a thabhairt ar dtús faoi na buncheisteanna a bhaineann leis an mbia, leis an talamh agus leis na crainn sa domhan, ansin cás-staidéar a dhéanamh ar gach ábhar acu seo, agus, ag deireadh, roinnt eolais a bhainfidh leo ar fad a thabhairt.

Tá sé tábhachtach go mbeadh béim air go mbeadh na ceisteanna seo á bplé ag na mic léinn agus, dá thairbhe sin, go rachaidís i mbun gnímh. Sa tslí seo cuirtear treise lena bhfuil á bhfoghlaim acu, agus braitheann siad go bhfuil níos mó cumhachta acu agus níos mó tionchair acu ar mhórchéisteanna an tsaoil sa lá atá inniu ann.

Tá tacar de leatháin oibre le fáil ar fud an leabhair. Tugann seo deis do na mic léinn

Máthair agus a páiste, Alemaya, An Aetóip.



obair a dhéanamh ar na hábhair a bhí faoi chaibidil, cur lena gcuid eolais trí rudaí nua a fháil amach dóibh féin agus ócáidí a chruthú a bhfuil baint acu leis an ábhar a tugadh dóibh.

Is í obair an mhúinteora ná na mic léinn a threorú agus cabhrú leo le súil is go dtiocfaidh siad ar eolas agus ar léargas nua faoin saol againn féin agus faoi shaol na ndaoine i mórchuid áiteanna difriúla ar fud an domhain. Tá an t-eolas is an gníomh i dtaca a chéile ina n-uirlis chumhachtach, uirlis a bhogann cúrsaí ar aghaidh agus a dhéanann athruithe a théann chun leasa don phobal.

Tá súil agam go mbainfidh tú idir úsáid is leas as an leabhar seo. Má tá tuairimí nó eolas agat ar mhaith leat iad a roinnt linn, déan teagmháil le Self Help. Bheadh fáilte againn roimh do chuid tuairimí faoin leabhar, agus chabhródh a leithéid i gcás leabhar eile amach anseo. Má tá cóipeanna de Water, an chéad leabhar sa tsraith, uait, tugtar sonraí teagmhála dúinn ar an gclúdach cúl.

Bain taitneamh as an leabhar seo agus go n-éirí an t-ádh leat.

# Ábhair

- 2 An Domhan I bhFigióir
- 3 Bia agus Cothú: Triantán an Bhia
- 4 Talamh na Cruinne
- 6 An Streachailt le haghaidh na hAfraice
- 8 An Aetóip
- 10 Cás Staidéar 1: Córas Tacaíochta d'fheirmeoirí na hAetóipe
- 12 Uisce: Tábhacht an uisce chun todhcaí an bhia a chinntiú
- 14 Abhainn na Níle: Foinse na beatha; foinse buartha is coimhlínte
- 17 Dífhoraóisiú
- 18 Billeog Oibre 1
- 19 Uganda: "Péarla Na hAfraice"
- 20 Cás Staidéar 2: Uganda; ag freastal ar na riachtanaisí bunúsacha.
- 21 Caomhnú agus Forbairt Foraoisí Uganda
- 22 Ari Van der Wel
- 23 Eladu Robert
- 24 Ag Tacú le Feirmeoirí san Afraic sa Cheantar ó dheas ón Sahara
- 25 Faoi Athrach Saoil Mo Dhán
- 26 Fás Bananaí: Bia maith, sláintiúil a sholáthar do dhaoine.
- 28 Billeog Oibre 2
- 29 Malawi
- 30 Cás Staidéar 3: An Mhaláiv; Ón Talamh Aníos
- 32 Fadhbanna Tionóntaithe na bhFeirmeacha is na nEastát i sa Mhaláiv
- 33 Cé hiad atá ag alpadh, agus cé hiad atá á n-alpadh siar acu?
- 34 Ní "Bean an Fheirmeora" a Thuilleadh í
- 36 An Chóirthrádáil
- 37 Billeog Oibre 3
- 38 Coillte: Seirbhís Foraoiseachta na hÉireann
- 39 Tráth Na gCeist
- 40 Cur Chuige Traschuraclam
41. Cleachtadh: Féachaint ar ghrianghrafanna
41. Foinsí Úsáideacha
42. An Afraic Bheo - Clár do na Scoileanna

Udar; **Dáithí O hAodha.**

Billeoga oibre: **Patsy Toland.**

Maoinithe ag: **Development Co-operation Ireland**

Griangraifeanna le: **Carol Lee, Patsy Toland** and **Stephen O'Brien.**

Déaradh le **DesignTactics.**

Buíochas do

**Dr. Robert Briscoe,** Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**Dr. N. Chisholm,** Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**Mike Fitzgibbon,** Ionad Idirnaisiúnta um Ghorta.

**Nóra Hennessy,** Ionad Idirnaisiúnta um Ghorta.

**Sibo Banda,** Mac Léinn PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**Colm O'Connor,** Coláiste Chríost Rí, Cork. Conchúir O Muimhneacháin, Coláiste Chríost Rí, Cork.

**David Cole,** Scoil na hEorpa, An Bhruiséil.

**Michael O'Keeffe** (Príomhoide) Scoil Náisiúnta Raheen, Cill Airne, Co. Chiarraí.

**Lorraine Doyle, Claire Galvin, Jennifer Whitford, James Campion,** Scoil

Náisiúnta Raheen, Cill Airne, Co. Chiarraí.

**Tony Saunders,** Scoil Naomh Edbhard, Cheltenham, Sasana.

**Honor Hayes,** Ionad Traenála G&K, Corcaigh.

**Lucia McCaughey,** Múinteoir ealaóin, B.A.C.

**Mary Long,** Pobalscoil Ghleann Maghair, Corcaigh.

**M. T.H.**

# An Domhan I bhFigiúirí

An mbeidh an pláinéad ábalta dóthain bia a tháirgeadh chun na billiúin a shaolófar amach anseo a chothú?

**Ar an lá a mbeidh sé seo á léamh agat, tiocfaidh méadú 230,000 duine ar dhaonra an phláinéid seo. Daoine ocracha iad uile.**

Sa bhliain 2003 saolófar tuairim is 138 milliún daonnaí agus caillfear 54 mhilliún dinn. Sin méadú glan de 84 mhilliún ar an daonra, breis agus 230,000 duine nua ar an saol gach lá den bhliain. Beidh cuid mhór díobh seo ar chíos na máthar go ceann bliana nó mar sin, ach ina dhiaidh sin is faoin Talamh Torthach a bheidh sé bia agus deoch a sholáthar dóibh. Beidh ar an bpláinéad leochaileach seo agus ar an muintir dhícheallach atá ag maireachtáil air bia a sholáthar don 230,000 duine ocracha lá i ndiaidh lae don 66 bliana romhainn amach, gan trácht ar cheathrú milliúin eile amárach, agus an lá dar gcionn, agus an lá ina dhiaidh sin arís...

Is tríd an bhfás eacnamaíochta a dhéantar ár gcuid maoine a mheas, rud nach gcuireann staid na maoine nádúrtha san áireamh. Ciallaíonn sé seo go meastar go gcruthaíonn dífhoraísiú tíre saibhreas.

Is maoin theoranta í an talamh atá oiriúnach le haghaidh curadóireachta. Bliain i ndiaidh bliana tá achar níos lú de thalamh na cruinne ar fáil do dhaonra a bhíonn ag méadú i gcónaí. (Gach aon bhliain iompaíonn méid na Mumhan den talamh seo isteach ina fhásach.) Tá an talamh curáíochta atá ar fáil don duine laghdaithe dena leath le caoga bliain anuas. Tá an chabhair airgid a thugtar do thionscal na talmhaíochta sna tíortha bochta róbheag chun an laghdú seo a chúiteamh, rud is cúis le ganntanas bia agus gorta.



Sa bhliain 2002 bhí luach €33 thrilliún maoine sa domhan ar fad. (€33,000,000,000,000).

Níl cumhacht leictreach fós ag 40% de dhaonra an domhain (2.5 billiún duine).

Tá 47% de dhaonra an domhain ag maireachtáil ar níos lú ná €2 an duine in aghaidh an lae.

Tá sciar na 50 tír is boichte, ó thaobh trádála domhanda de, tite ó 3% go 2% le linn na deich mbliana suas go dtí an bhliain 2000.

Tá 33% de na páistí faoi bhun cúig bliana d'aois faoi mhíchóthú.

Tá duine as gach ceathrar sa domhan gan léamh, gan scríobh.

Níl cúram nua-aimseartha sláinte le fáil ag duine as gach cúigear sa domhan.

Is as tíortha neamhfhorbartha iad 95% de na daoine a bhfuil an galar S.E.I.F orthu.

Tá fás faoi shé tagtha ar fhiacha idirnáisiúnta na dtíortha neamhfhorbartha ó 1970 i leith, €3 thrilliún ar fad sa bhliain 2000.

# Bia agus Cothú: Triantán an Bhia

## Áis é seo a úsáideann saineolaithe bia, dochtúirí agus múinteoirí chun na buanna a bhaineann le réim chothrom bia a léiriú.

Ba chóir sé dháileadh ar a laghad de na saghasanna éagsúla bia a fheictear ar an tseilf íochtarach a ithe gach lá. Gránaigh, arán agus prátaí atá ar an tseilf íochtarach. Ansin tá na torthaí agus na glasraí ann, agus moltar ceithre dháileadh díobh seo a chaitheamh in aghaidh an lae. Ar an gcéad leibhéal eile faightear an bainne, an cháis agus an t-íogart, agus bheadh gá le trí dháileadh díobh seo sa lá. Ar an dara leibhéal ón mbarr tá an fheoil, an t-iasc agus an éanlaith chlóis. Is leor dhá dháileadh díobh seo in aghaidh an lae. Ar an mbarr ar fad feictear na milseáin, na cácaí agus an tsail mhífholláin, agus ba chóir fanacht glan amach uathu seo, nó méid an-bheag díobh a chaitheamh.



Tá gá ag an ngnáthdhuine fásta le 2400 calra sa lá. Tá sé tábhachtach go mbeadh siad seo roinnte go cruinn sa chóimheas seo a leanas: Carbaihiodráití 55%, saill 35%, próitéin 10%, maraon le vitimíní agus mianraí. Tá an snáithín an-tábhachtach i réim bia an duine mar glanann sé amach an córas díleách. Tá an snáithín le fáil i saghasanna éagsúla bia. Tá sé tábhachtach freisin go n-ólfaimis sé ghloine uisce go laethúil.

- Aithnítear na carbaihiodráití agus an tsail fholáin mar bhianna fuinnimh (arán, prátaí, cnónna, seacláid, &rl)
- Is í an phróitéin an bia a dhéanann an chabhail a neartú (an t-iasc, an fheoil, an cháis, uibheacha, pónairí, &rl)
- Bia cosanta is ea na vitimíní agus na mianraí (torthaí, glasraí, gránaigh, bainne, arán, &rl)
- Áis iompair don bhia is ea an t-uisce.

## Cleachtadh don Dalta

1) Féach an féidir leat do réim bia féin a chur i gcomparáid leis an réim bia a mholtar i dtriantán an bhia.



2) Más gá duit an sórt bia a itheann tú a athrú, an bhfuil tú ábalta na hathruithe cuí a aithint?

3) Tabhair dhá shampla uait de gach sórt difriúil bia a itheann tú i gcaitheamh lae: Carbaihiodráití, cineálacha saille, próitéin, vitimíní agus mianraí.

# Talamh na Cruinne

I láthair na huairé tá beagáinín sa bhreis ar an deichiú cuid de thalamh an domhain á saothrú – níl ansin ach beagán beag os cionn 0.2 heachtár (0.5 acra) do gach duine.

Taispeánann an léarscáil dáileadh ginearálta na réimsí atá faoi phlandaí: réimsí ar glanadh an fásra nádúrtha díobh, agus ansin gur saothraíodh an talamh le haghaidh bia agus barr sodhíolta, mar shampla snáithíní, cadás agus rubar; réimsí ina bhfuil an fásra nádúrtha á úsáid agus á fhorbairt; agus réimsí atá fós sa staid nádúrtha agus gur beag fásra atá iontu, má tá aon rud in aon chor.


Tá an ithir á lot agus is é an duine féin a chruthaigh na fásaigh nua seo atá ann de bharr drochmhodhanna oibre, a bhfuil glanadh iomlán na gcrann ina measc. Tá an méid seo le rá faoin scéal ag Joseph Awann, oibrí coille: “Níl an Sahára ag leathnú ó dheas. Tá sé á tharraingt ó dheas againn.”

San Eoraip, sa Rúis, sna stáit sin a bhíodh mar chuid den Aontas Sóibhéadach tráth, i Meiriceá Thuaidh agus i limistéir áirithe i Meiriceá Theas, san Afraic Theas agus san Astráil, is le cabhair innealra a dhéantar an fheirmeoireacht. I ndeisceart agus in Oirthear na hÁise is le huirlisí simplí láimhe a dhéantar an chuid is mó den obair. Mar sin féin saothraíonn siad dhá bharr den rís gan scilligeadh in aghaidh na bliana.

Is mar chothú don chlan is mó a fhástar na barra, ach i gcásanna áirithe fástar go leor bia, mar shampla an cócó, an ola phailme agus an phís talún le díol sna margaí áitiúla.

Tá na limistéir a dhéantar a saothrú ar bhonn mírialta suite gar do na foraoiseacha teochriosacha. Anseo glanann an duine an talamh de réir mar a bhíonn gá leis. Ach chomh maith, glantar agus saothraítear réimsí níos mó ar bhonn gnó chun rubar, tobac, siúcra, tae, ola phailme agus cócó a tháirgeadh. Tá an chuid is mó d’adhmaid bog an domhain le fáil sna limistéir atá faoi fhoraoisí buaircíní: an ghiúis, an péinn agus an ghiúis Ghallda. Tá caoi á coimeád ar chuid de na foraoisí agus forbairt á déanamh orthu.

Is féidir le heallach agus le caoirigh iníor ar shleasa na gcnoc, ar an talamh féaraigh agus sa scrobarnach, agus is féidir caoi a choimeád ar na limistéir seo go nádúrtha. Is féidir raon leathan barr, mar shampla an t-arbhar Indiach, an muiléad, an cadás, an siúcra agus na cnónna talún a fhás



**EOCHAIR DON LÉARSCÁIL**

- Dianshaothrú
- Saothrú tánaisteach
- Foraoisí báistí
- Foraoisí buaircíní
- Sléibhte
- Talamh féaraigh
- Fásach
- Oighearchaidhp agus tundra

sa talamh féaraigh theochriosach. Is é an t-arbhar an príomhbharr sna réigiúin mheasartha.

Is mór idir na córais feirmeoireachta ó thír go tír. Sna Stáit Aontaithe tá 2,500,000 duine (3% de na hoibrithe ar fad) fostaithe i dtionscail na talmhaíochta. Os a choinne sin, fásann 370,000,000 duine (50% de na hoibrithe) dóthain bia agus

farasbarr in áiteanna áirithe, don daonra iomlán.

Níl ach an ceathrú cuid de bhia an domhain á tháirgeadh le cabhair theicneolaíochtaí na heolaíochta, agus modhanna feabhsaithe á n-úsáid sa talmhaíocht. Tá na modhanna seo á gcur chun cinn agus á n-úsáid níos forleithne ar fud an domhain inniu. Is iad an t-uisciú agus caomhnú an uisce na modhanna is tábhachtaí díobh seo.

**Baintear úsáid as an teicneolaíocht chun:**

- Feabhas a chur ar raon fairsing de shíolta.
- Torthúlacht na hitreach a chothú.

- Barra nua a chur, a chuirfeadh raon níos fairsinge agus níos folláine bia ar fáil agus a dhéanfadh laghdú ar na cásanna ina mbeadh tír ag brath ar aon bharr amháin (mar shampla, An Gorta Mór in Éirinn 1845-1848).

- Crainn a chur agus foraoisí a chaomhnú.
- Dramhaíl ó ábhair nádúrtha a úsáid mar leasú.
- Úsáid an leasaithe thacair a mhéadú.
- Feabhas a chur ar uirlisí agus ar innealra feirme.
- Talamh gharbh a thabhairt chun mintireachais.
- Péisteanna díobhálacha a smachtú.

**Pé maith, olc an toradh a bheidh air, tá níos mó smachta agus tionchair ag an duine ar thalamh na cruinne is é ag baint úsáide as na modhanna agus as na scileanna traidisiúnta seo.**

# An Streachait le haghaidh na hAfraice

Chuir an stretchait le haghaidh na hAfraice alltacht ar gach duine. Taobh istigh de 36 bliana (1876-1912) fuair an Eoraip smacht ar an Mór-Roinn ar fad, nach mór; san áireamh anseo bhí 30 coilíneacht nua, limistéar 10 milliún míle cearnach talún agus 110 milliún géillsineach nua. Gearradh an Afraic ina slisíní idir seacht náisiún a bhí i gcoimhlint lena chéile: An Ghearmáin, An Iodáil, An Phortaingéil, An Fhrainc, An Bhreatain Mhór, An Spáinn agus an Bheilg.



Faoin mbliain 1900 bhí na tíortha seo sna hadharca ar a chéile agus as an achram sin ar fad d'eascair Cogadh Mór na mblianta 1914-1918. D'fhág an tslí ina ndearnadh fionnachtain agus sealbhú ar an Afraic buanarmhairt thromchúiseach a bhfuil tionchar aici ar shaol mhuintir na hAfraice inniu.

Cúis iontais chomh mór céanna ab ea an tóir te reatha as an Afraic i rith na deich mbliana 1957-1967. Fágadh cuid mhaith de na tíortha i ndrochstaid cheart eacnamaíochta is polaitíochta. Agus an ciste á roinnt ní dhearnadh aon mhachnamh ar na tailte sin ar leis na treibheanna éagsúla iad, ar theorainneacha a bhí ann riamh, ná ar theacht a bheith ag an muintir sheanbhunaithe ar mhaoin nádúrtha. Bhí cumhachtaí móra na hEorpa ina máistrí go huile is go hiomlán is "an tráchtáil, an tsibhialtacht agus an Chríostaíocht á mbreith leo acu don Mhór-Roinn dhórcha".

Tá anois 47 dtír neamhspleácha ar mhóir-roinn na hAfraice, ach i gcuid mhaith de na cásanna níl acu ach neamhspleáchas polaitiúil. Tá maoin na hAfraice á húsáid agus á heaspórtáil gan phróiseáil dá laghad déanta uirthi, agus mar sin is iad na tíortha is mó a bhfuil gá acu leo, is lú a bhaineann leas astu. Fad a bhí "an tráchtáil, an tsibhialtacht agus an Chríostaíocht á mbreith don Afraic" ag na seacht gcumhachtaí móra bhí "an ghabháil" mar aidhm acu freisin.





Bronnadh neamhspleáchas polaitiúil ar an gcuid ba mhó de tíortha na hAfraice 40 bliain nó níos mó ó shin, ach tá greim docht fós á choimeád ar gheilleagar, ar fhoinsí cumhachta agus ar dheiseanna trádála na dtíortha seo.

Tá fás ollmhór tar éis teacht ar dhaonra na hAfraice, ó 110 milliún duine i 1900 go dtí 1 bhilliún, nach mór, i 2002. Toisc brú breise a bheith ar thalamh agus ar fhoinsí cumhachta na hAfraice tá gá ag na daoine le líon níos mó de na hábhair atá ar fáil dóibh, agus an cumas chun an úsáid is fearr a bhaint astu.

Tá comhoibriú níos fearr anois ná mar a bhíodh idir cheannairí polaitíochta na hAfraice, agus tá siad tar éis ceangail eacnamaíochta, pholaitiúla agus chultúrtha atá i bhfad níos láidre a fhorbairt eatarthu féin. Ach tá comhaontuithe traidisiúnta trádála fós i bhfeidhm agus cuireann seo ceangal na gcúig gcaol orthu. Mar sin níl aon smacht acu ar cad a tharlóidh don Afraic sa todhchaí, todhchaí atá fós go mór trína chéile, agus is trua sin.

## Cleachtadh Duit



1. Ar léarscáil 1912 pioc amach na tíortha a rinne coilíniú ar an Afraic san ord 1-7 (ó na limistéir ba mhó síos go dtí na cinn ba lú a bhí faoi smacht acu)
2. Ainmnigh cúig tháirge a thagann chugainn ón Afraic gan an phróiseáil is lú déanta orthu.
3. Ainmnigh cúig cinn de tháirgí ( agus a marcanna déantúis) a mbainimid úsáid astu nó a ithimid ar bhonn rialta, agus gur ón Afraic a thagann a mbunábhair.
4. Ag baint úsáide duit as léarscáil na hAfraice mar atá sí anois, pioc amach sé thír a bhfuil ainmneacha orthu anois atá difriúil ó na hainmneacha a chonaic tú orthu ar léarscáil 1912.
5. Ag baint úsáide duit as nualéarscáil na hAfraice, ainmnigh sé thír atá le fáil ann anois, nach bhfuil le feiceáil ar léarscáil 1912.

# An Aetóip

Ceann de na tíortha is mó san Afraic is ea an Aetóip agus achar 1.12 mhilliún km<sup>2</sup> aici. Talamh shléibhtiúil atá inti, den chuid is mó, agus í ag ardú suas go 4,000 m. Síneann an talamh le fána don Chéinia sa deisceart agus i dtreo Ghaineamhlach Ogaden agus na Somáile san oirthear.

Is iad na príomhaibhneacha sa tír ná an Níl Ghorm agus an Awash, dhá abhainn a mbaintear úsáid astu le haghaidh uiscithe. San Iarthar is mó a thiteann an bháisteach, ach ní féidir brath uirthi i gcónaí. Uaireanta, teipeann ar na barra de bharr an triomaigh; uaireanta eile scuabann an bháisteach throm an ithir de shleasa na gcnoc agus laghdaíonn sé seo an t-achar talún inar féidir barra a fhás. Cónaíonn an chuid is mó de mhuintir na hAetóipe i gclannbhuíonta, iad ag cur fúthu i suas le fiche bothán gan uisce reatha acu ná leictreachas, agus iad go minic na mílte ón siopa nó ón ionad cúram sláinte is giorra dóibh. Bíonn orthu an chuid is mó dá gcuid riachtanas bunúsach féin a sholáthar.



De ghnáth bíonn níos lú ná 1 heachtár (2.4 acra) d'achar ag gach feirm. Tá fofheirmeoir díobh a mbeadh péire damh nó céachta aige ach de ghnáth ní bhíonn acu ach grafóga chun an talamh a shaothrú. Is iad na príomhbharra a bhíonn á bhfás acu ná an teif (arbhar áitiúil), an eorna, an chruithneacht, an t-arbhar Indiach, an sorgam agus "enset" (atá gaolmhar leis an mbanana).

Ó thaobh na talmhaíochta de, is é an caife an barr is mó a ndéantar easpórtáil air. Fástar ar fheirmeacha beaga é, agus is as a ghintear 60% den teacht isteach ó easpórtálacha sa tír. Tír dhúchais phlanda an chaife is ea an Aetóip. Is beag mianra aitheanta atá san Aetóip agus níl ach fíorbheagán forbartha tionsclaíochta tar éis tarlú sa tír. Is beag post atá ann do dhaoine

lasmuigh den talmhaíocht. Tá roinnt monarchana beaga ann a sholáthraíonn earraí: bróga, boinn, déantúis bhia agus éadaí.

Cuireann tuairim is 20% de mhuintir na hAetóipe fúthu sna bailte móra agus tá caighdeán maireachtála níos airde acusan. Meastar go bhfuil an Aetóip ar cheann de na deich dtír is boichte ar domhan, agus tá siad ann, fiú amháin, a deir go bhfuil an tír ag bun an liosta. Tá sí ar cheann de na tíortha is lú forbairt ar domhan. Tá 38% de dhaoine na tíre gan léamh, gan scríobh. Níl ach aon dochtúir amháin le haghaidh 79,000 duine, agus sin an ráta is measa ar domhan. As gach 1000 leanbh a shaolaítear, cailltear 125 agus iad ina náionáin. Cuireann an gorta go mór leis an éileamh ar chóir leighis.

(Tharla an gorta ba dhéanaí sa bhliain 2003.)

Tá an Aetóip difriúil ó thíortha eile san Afraic mar is náisiún í le breis is 2,000 bliain. Bhí sí láidir a dóthain chun an fód a sheasamh i gcoinne na nIodálach nuair a bhí "An Streachailt Mhór le haghaidh na hAfraice" ar siúl. Is tír í a bhí suaithe go maith ó thaobh na polaitíochta de, agus é ina chogadh go ceann 39 mbliana idir í agus an 'Eritrean People's Liberation Front'. Tháinig deireadh leis seo nuair a bhain Eritrea neamhspleáchas amach sa bhliain 1993, ach siocháin mhíshuaimhneach atá ann, agus tá iarmhairt an chogaidh fós le brath san áit. Tá breis is leath de mhuintir na hAetóipe ag brath ar chabhair bhia idirnáisiúnta chun fanacht beo.

## Príomh Bharra

- Arbhar (Teff agus sorgam)
- Eorna
- Cruithneacht
- Bananaí (enset)
- Caifé



# Cás-staidéar 1: Córas Tacaíochta d'fheirmeoirí na hAetóipe

Ó 1987 i leith tá Self Help tar éis scéim fhorbartha a bhfuil éirithe thar barr léi a chur chun cinn i gceantair thuaithe. Is iad na cúiseanna gur éirigh chomh maith sin léi ná: ghlac an mhuintir ar dhíobh í páirt sa scéim, tá sí bunaithe ar an bpáirtíocht, tá tuairimíocht nua agus modhanna nua oibre á n-úsáid, agus tá na fir is na mná ar comhchéim lena chéile agus beidh siad amhlaidh go buan; tugtar ceannaireacht agus oiliúint, agus is córas é a bhfuil a thús, a dheireadh agus an tabhairt ar lámh don chosmhuintir, mínithe go cruinn.

Feirmeoir, Dodota, An Aetóip



**Suíomh; Dodota in Oir-Deisceart na hAetóipe.**

**Groupa: 113,307 duine a fuair tacaíocht.**

**Buiséad: lomlán , Birr 10,949,950. (10Birr = €1)**

**Fad: Cúig Bhliain ag tosnú i 2001.**

**Tá go lear imeachtaí sa tionscnamh seo ach sa leabhar seo beimid ag diriú isteach ar, solathar bia agus uisciú.**

## Imeachtaí agus Spriocanna

### 1. Tairgeadh na mBarr

Is iad na barra is mó a fhástar i nDúiche Sódó ná teif, cruithneacht, eorna, arbhar Indiach, caife agus glasraí éagsúla. Toisc an triomach a bheith ann go rialta agus an talamh a bheith bocht is deacair gránbharra agus glasraí a fhás. Ní bhíonn fáil ar an leasú talún, ar an bpéistnimh ná ar an bhfeithidnimh nuair a bhíonn gá leo. Dá mb'fhéidir cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí lámh a leagan ar shíolta agus ar leasuithe tacair níos fearr, bheadh soláthar níos mó bia agus raon níos leithne barr ar fáil. Is iad na príomhaidhmeanna, mar sin, ná cabhrú leis na feirmeoirí chun péistnimheanna níos fearr a cheannach, córas uiscithe agus réimse níos leithne barr a chur ar fáil. Is é an plean anois ná enset, caife agus glasraí a mbeidh ar a gcumas cur i gcoinne an triomaigh, a fhás.

### Táirgeadh Caifé

Ceann de na barra is mó a bhfuil airgead tirim le déanamh astu san Aetóip is ea an caife. Teastaíonn ó na feirmeoirí i nDúthaigh Sódó níos mó caife a fhás. Is í aidhm an tionscnaimh ná 300,000 síolta caife a

tháirgeadh agus a dháileadh gach aon bhliain.

### Táirgeadh Enset

Planda is ea an enset ar féidir leis an triomach a sheasamh agus tá sé ar cheann de phríomhbhianna mhuintir Sódó. Déanfar plandaí enset a dháileadh amach agus a chur i limistéir a bhfuil titim íseal bháistí iontu, maraon le hithir oiriúnach. Déanfar 100,000 plandaí beaga enset a bhailiú ó na máthairphlandaí agus a dháileadh amach ar fheirmeoirí gach bliain. Cuirfear plandlanna enset ar bun a sholáthróidh síolta d'fheirmeoirí a bhfuil suim acu ina leithéid.

### Táirgeadh Barra Gairneoireachta

Is beag áit i limistéir an tionscnaimh ina bhfaighfeá barra gairneoireachta (cabáiste, cairéid, oinniúin, trátaí, &rl) á bhfás mar chuid de réim bia na clainne, agus le díol. Tabharfar na barra seo isteach agus cuirfear chun cinn iad.

### Mionscéimeanna Uiscithe

Cuirfear dhá scéim uiscithe, 40 heachtár i ngach ceann acu (80 heachtár ar fad) ar bun i rith na gcúig bliana. De bharr na scéimeanna seo soláthrófar glasraí agus

Bateri Berbo lena barr cabáiste,  
Cumann Uiscithe Glasraí Odo, Mehi,  
An Aetóip



crainn toraidh ionas gur féidir poist a chruthú do na daoine.

## 2. Comharchumainn a Bhunú

Cabhrófar leis na feirmeoirí a gcuid comharchumann féin a bhunú. Beidh na comharchumainn seo bunaithe ar pháirtíocht idir fheirmeoirí agus tháirgeoirí glasraí is torthaí, a roinnfidh eatarthu an t-uisce ón gcóras uiscithe.

Is iad na príomhbharra glasraí a bheidh ann ná trátaí, piobair, oinniúin, prátaí, cairéid agus cáil. Soláthróidh an tionscnamh caidéal

uiscithe, síolta glasraí, píobáin agus síolta crainn torthaí.

### Scileanna Bainistíochta

Cabhrófar leo siúd ar dóibh an scéim a gcuid scileanna bainistíochta a fhorbairt i dtreo is go mbeidh ar a gcumas na scéimeanna a reáchtáil i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus le foireann an tionscnaimh.

## Cleachtadh don Dalta



Tugadh samplaí duit de dhá ghníomhaíocht a ndéanfar freastal orthu faoin tionscnamh seo.

Tabhair do thuairim faoi ghníomhaíocht thábhachtach eile arbh fhéidir tabhairt fúithi. Mínígh an fáth ar phioc tú an ceann áirithe seo, agus taispeáin conas a chuirfí i gcrích í.

# Uisce: Tábhacht an uisce chun todhcaí an bhia a chinntiú



**Tá an t-uisce riachtanach do gach sórt bia. Tá an t-éileamh ar uisce timpeall an domhain ag fás i gcónaí. Tá daonra na cruinne ag méadú ach tá an méid uisce atá ar fáil ag laghdú de bharr truailithe.**

Beidh an t-éileamh ar uisce sna cathracha agus sna bailte móra i dtíortha faoi fhorbairt ag méadú sna blianta beaga atá romhainn amach. Tá leibhéil an uisce ag titim in aibhneacha, i lochanna agus i dtaiscumair. Faigheann feirmeoirí uisce trí phíobáin ó thobair éagsúla, trí scéimeanna uisce, trí spraeáil na mbarr agus trí

mhodhanna éagsúla eile. De réir mar a éiríonn foinsí an uisce gann is iad na bochta agus iad siúd atá lag sa phobal is túisce agus is mó a bhíonn thíos leis.

De réir mar shásaítear an t-éileamh ar uisce sna cathracha agus sna bailte móra, bíonn níos lú de ar fáil le haghaidh na talmhaíochta. Tá taithí ag lucht talmhaíochta ar dhóthain uisce agus é saor go maith sna ceantair a bhfuil uisciú ar siúl iontu. Le fiche nó tríocha bliain anuas tá an méid bia atá á fhás tar éis ardú go mór toisc plandaí a thugann barr raidhsiúil a bheith á n-úsáid, agus toisc úsáid na leasuithe tacair a bheith níos forleithne.

Leis an bhfás atá tagtha ar dhaonraí, agus mar go bhfuil daoine ag bogadh isteach sna cathracha tá dúshlán nua ar an bhfód anois. Conas is féidir an dá thrá a fhreastal idir na feirmeoirí a bhfuil gá acu le huisce chun an méid bia atá ag teastáil a fhás, agus an t-

éileamh atá ar an uisce céanna sna cathracha? Nuair a chuirtear brú ar rialtas déileáil le héilimh atá ag teacht salach ar a chéile, is ag lucht na cathrach, a chuireann a gcás go hardghlórach, a bhíonn an lá. Conas mar a bhíonn ag na feirmeoirí agus ag na táirgeoirí bia ansin?

Caithfear iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun an leas is mó a bhaint as a bhfuil ar fáil i lathair na huair. Slí amháin chun é seo a dhéanamh ná níos lú uisce a chur amú. Mar shampla, beireann an braonuisciú an t-uisce díreach go dtí fréamhacha an phlanda seachas an gort ar fad a bhá. Cinntíonn sé seo go dtéann 95% den uisce díreach don phlanda, agus tagann méadú de suas le 90% ar an méid bia a tháirgtear thar mar a dhéantaí nuair a bhíodh na modhanna traidisiúnta á n-úsáid. Caithfear forbairt a dhéanamh ar shaghasanna nua síolta agus ar bharr nach mbíonn gá acu leis an oiread sin uisce, agus a bheidh ábalta an triomach a



Poll éisc sráidbhaile Aojobule, Asamuk, Uganda

## Gníomhaíocht don Dalta

Faigh amach cá mhéad uisce a úsáideann tú in aon lá amháin. Bain úsáid as an tábla anseo thíos mar chabhair duit féin.

Gloiní Uisce	4 ghloine = 1 líotar
Deochanna Boga	3 channa = 1 líotar
Sruthlú an leithris	10 líotar gach turas
Cupáin tae/caifé	5 chupán = 1 líotar
Folcadh	80 líotar
Cithfholcadh	40 líotar
Scuabadh fiacla	3 líotar
Éadaí a ní	20 líotar



sheasamh. Ach nuair a bheidh an nuafhorbairt seo ar siúl caithfear aird a thabhairt ar na modhanna agus ar an eolas traidisiúnta atá sa phobal. Ní féidir neamhaird a dhéanamh den toradh atá ag na forbairtí nua seo ar an timpeallacht, de na hathruithe a thioctaidh ar shlabhra an bhia dá mbarr, ná den tionchar a bheidh acu ar shláinte an phobail.

Slí níos simplí fós chun uisce a spáráil ná gan an oiread sin feola a ithe. Úsáideann an beostoc méid mór fásra chun méid beag feola a chur suas. Mar sin tá gá le i bhfad Éireann níos mó uisce chun 1 kg feola a tháirgeadh ná chun 1 kg d'arbhar a fhás.

Modh eile atá ann ná uisce a bhailiú, (féach Leabhar I "Uisce", lch 11). Déan córais a thógáil chun breith ar an uisce, cuir i dtascumair é agus ansin beir amach ar na goirt é. "Tá ré an uiscithe tar éis na feirmeoirí beaga, bochta, a bhfuil

feirmeacha 2 heachtár nó níos lú acu a sheachaint ar fad", a deir Sandr Postel ón tionscnamh Global Water Policy. "Caithfear córais atá níos simplí agus níos saoire a chur ar bun."

Tugann Kofi Annan (Rúnaí Ginearálta Na Náisiún Aontaithe) an gríosadh seo a leanas: "Bíodh Réabhlóid Ghorm i gcúrsaí talmhaíochta, réabhlóid a bheidh dírithe i bhfad níos mó ar an méid bia is féidir a tháirgeadh as aonad amháin uisce. Barr níos mó in aghaidh an bhraoin."

Tá an bhéim ar mhórchuid a fháil ón mbeagán. Caithfidh méadú 60% a theacht ar tháirgiúlacht uisce sna scéimeanna uiscithe atá ar bun, agus ardú 35% sa talmhaíocht sin atá ag brath ar an mbáisteach sna 20 bliain atá romhainn amach. Tá gá le barra níos fearr ar fud an domhain ach ní leor sin amháin.

"Caithfidh athrú mór a theacht ar an méid carbaihíodrátí is féidir linn a tháirgeadh in aghaidh gach aonaid uisce", a deir Wayne Meyer ón Roinn Talún agus Uisce, san Astráil. "Caithfear an tábhacht chéanna a bheith ag siúl leis seo agus a bheadh le fear a chur ar an ngealach".

Caithfear é a dhéanamh ar shlí a chuireann deireadh leis an mbochtaineacht, go mbeidh na buntáistí a thioctaidh dá bharr ar fáil do na daoine ar fad. Caithfidh sé níos mó aire a dhíriú ar riachtanais na ndaoine eile a úsáideann an t-uisce. Caithfidh modhanna a leagan síos, ar bhonn domhanda, a chuirfidh ar ár gcumas, i dteannta a chéile, an t-uisce a roinnt go cothrom ar an talmhaíocht agus ar an dúlra, ar an tionsclaíocht agus ar an teaghlach; sinn ag obair as lámha a chéile in ionad bheith ag iomaíocht lena chéile nó ag troid.

# Abhainn na Níle: Foinse na beatha; foinse buartha is coimhlinte

Is í an Níl an abhainn is faide ar domhan. Is iad an dá phríomhfhoinsé atá aici ná na lochanna atá suite gar don mheánchiorcal, agus garbhchríocha na hAetóipe. Bailíonn na lochanna a gcuid uisce ón mbáisteach a thiteann ó cheann ceann na bliana ar Shaorstát Daonlathach an Chongó, ar an Tansáin, ar Ruanda, ar an mBuruín, ar Uganda agus ar an gCéinia. Cothaíonn an t-uisce ó gharbhchríocha na hAetóipe trí phríomhabhainn: An Sobat, An Níl Ghorm agus an Atbara.

Meastar, faoin mbliain 2025, go mbeidh daonra na habhann seo dúbailte ón 300 milliún a bhí aici sa bhliain 2000. Tá brú á chur ar an stór uisce de dheasca riachtanas óil agus níocháin, toisc dífhoraoisíú a bheith ar siúl, agus tríd an uiscíú is gá le bia a tháirgeadh.

Tá an t-uisce riachtanach don bheatha agus do shláinte an phobail. Athraíonn an céatadán den daonra ar féidir leo uisce glan, sábháilte a fháil ó 18% san Aetóip go 86% san Éigipt. Agus rachaidh an t-éileamh ar uisce i méid go mór.

Tá an t-uisce riachtanach le bia a tháirgeadh. Níl na modhanna uiscithe éifeachtach agus úsáidtear 90% den uisce a thógtar ón Níl don talmhaíocht. Mar shampla, tógann sé 1000 tonna uisce chun 1 thonna cruithneachta a fhás agus bíonn gá lena dhá oiread sin d'fhás na ríse. Níl fás an bhia sa réigiún ábalta coimeád suas leis an bhfás sa daonra. Sna tíortha ar fad sa réigiún, taobh amuigh den Éigipt, tá titim ollmhór tagtha ar an méid bia in aghaidh an duine a tháirgtear. Cás eisceachtúil ar fad is ea cás na hAetóipe, ach níl sa mhéid bia in aghaidh an duine atá anois ar fáil ann, ach an ceathrú cuid dá raibh ann 20 bliain ó shin. Tá sé thar a bheith tábhachtach deimhin a dhéanamh de go mbeidh dóthain uisce ann chun bia a fhás do phobal atá ar


mhíchothú cheana féin. Tá sé fíordheacair an fhadhb seo a réiteach, áfach.

Bíonn gá le breis uisce ag daonra atá ag fás i gcónaí. Tá an méid uisce atá ar fáil ag laghdú, ar chúiseanna nádúrtha agus ar chúiseanna a bhaineann leis an duine féin. Tá seifteanna ann chun an fhadhb seo a réiteach ach níl dóthain airgid ann chun iad a chur i gcrích. Tá roinnt dambaí agus canálacha á dtógáil san Éigipt.

I mórchuid tíortha tá sé deacair airgead a fháil ó iasachtóirí idirnáisiúnta, toisc drochrialtais a bheith acu agus cogaí cathartha a bheith ar siúl iontu. Tá fadhbanna ann freisin a bhaineann le damáiste don timpeallacht le linn do dhaoine bheith ag iarraidh fadhb sholáthar an uisce a réiteach.

Cuireann daoine isteach ar an stór uisce nuair a bhíonn dífhoraoisíú ar siúl acu. Glantar siar na crainn chun talamh ar féidir í a shaothrú a chur ar fáil, chun bealach isteach a dhéanamh chuig ábhar tine, agus chun tithe a thógáil. Tá na limistéir faoi fhoraois in abhantrach na Níle ag cúngú ag ráta 1% in aghaidh na bliana. Má leanann na rátaí mar atá ní bheidh rian d'fhoraois san Aetóip faoin mbliain 2025. (Féach an t-alt, "Dífhoraoisíú" sa leabhar seo).

Níl aon eagras oifigiúil ann chun gnóthaí a riar d'abhantrach na Níle, dá chraobhaibh-






neacha agus dá chuid lochanna. Tá comhaontuithe ann a rinneadh idir thíortha áirithe. Síníodh cuid de na seanchonarthaí tamall maith de bhlianta ó shin agus bhronn siadsan an smacht ar an abhainn, agus ar acmhainní eile, ar chomhlachtaí agus ar rialtais íasachta.

Ceacht atá le foghlaim againn ón stair is ea nach gcloítear go daingean le rialacha idirnáisiúnta. Tá an daonra ag fás ach níl an soláthar uisce. Ciallaíonn sé seo go mbeidh cogaí ann faoi uisce, luath nó mall. Beidh ar na rialtais éagsúla suí síos lena chéile agus plean a leagan amach ina mbeidh ar gach duine íobairtí a dhéanamh ach gur fearr as a bheidh gach duine dá bharr. Tá seo déanta cheana ag na tíortha in abhantrach na Níle. Tá ceachtanna le foghlaim ón stair, agus tuar dóchais is ea forbairt na teicneolaíochta is na modhanna nua. Tá na modhanna réitigh ann agus caithfear teacht orthu.

## Ceisteanna



1. Cén fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint le hAbhainn na Níle dá oiread sin daoine?
2. Cén fáth a bhfuil sí ina cúis achrainn chomh mór sin?
3. Conas is féidir na fadhbanna a réiteach?
4. Conas a bheidh abhantrach na Níle sa bhliain 2020, dar leat?





# Dífhoraoisiú

Bagairt mhór don domhan i láthair na huaire is ea an dífhoraoisiú. Tá leath de na foraoisí báistí imithe cheana féin agus is díothú iomlán atá i ndán don chuid eile acu amach anseo. Gan limistéir fhairsinge foraoise ann is é an bás atá i ndán don domhan. Soláthraíonn foraois bháistí na hAmasóine an cúigiú cuid den ocsaigin a bhíonn á hanálú againn.

Cúis mhór amháin leis an dífhoraoisiú is ea na fiacha idirnáisiúnta, a bhfuil €1.3 trilliún díobh ann i láthair na huaire. Is minic gurb iad na tíortha a bhfuil na fiacha is mó orthu na tíortha a bhfuil na foraoisí báistí is mó acu freisin. Cuirtear faoi bhrú iad a gcuid foraoisí a ghearradh síos chun na haisíocaíochtaí a dhéanamh, agus ina ainneoin sin is i méid a théann na fiacha ó bhliain go bliain. Cúis eile is ea daonra na dtíortha seo a bheith ag fás. Glantar siar breis talún chun bia a fhás agus chun éileamh na ndaoine ar ábhar tine a shásamh. Tá 90% d'fhoraoisí na hAetóipe imithe cheana féin agus taobh istigh de 10 mbliana eile beidh adhmaid á iompórtáil chun cúram a dhéanamh dá gcuid riachtanas.

Maíonn Eagras Bia is Talmhaíochta Na Náisiún Aontaithe gurb iad an rainseoireacht agus tionscal na gcrann na cúiseanna is mó le dífhoraoisiú. Glanann feirmeoirí beaga a gcuid talún siar chun barra a fhás a mbeidh díol orthu láithreach ar airgead tirim. Is iad na barra is mó is fiú trácht orthu anseo ná na cinn atá mar bhunábhar do mhargadh idirnáisiúnta na ndrugaí. Tá limistéir mhóra foraoise á nglanadh siar chun cócó a fhás le haghaidh 'crack' agus cócaoin, agus poipíní don hearóin. Is féidir 4,000% brabús a dhéanamh ar na barra seo ón uair a fhágann siad na tíortha faoi fhorbairt go dtí go ndíoltar iad ar mhargaí na hEorpa.

Déantar rainseoireacht ar thalamh shaothraithe a bhíodh faoi fhoraoisí báistí tráth. Glanann na rainseoirí siar limistéir mhóra do thalamh féaraigh dá gcuid eallaigh. Tá an fheoil a tháirgtear róchostasach don phobal áitiúil, mar sin déantar í a easpórtáil an chuid is mó den am chun burgair a chur ar fáil do thionscal an mhearbha, agus chun bia do pheataí a dhéanamh.

Caitear €14 bhilliún in aghaidh na bliana sa troid i gcoinne an ghorta sa domhan; tá 71 mbilliún á chaitheamh ar bhia do pheataí gach bliain san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

## Iarmhairtí

Is geall le humair carbóin iad na foraoisí sa mhéid is go stóráilann na crainn mórchuid an charbóin a choimeádtar amach as an atmaisféar dá bharr. Mar shampla, tá heachtár amháin d'fhoraois in ann 10 dtonna d'ocsaíd charbóin a shú amach as an atmaisféar gach bliain. Nuair a ghearrtar síos crainn agus nuair a dhéantar an t-adhmaid a dhó, scaoiltear carbón isteach san atmaisféar. Gineann sé seo teas a ndéantar frithchaitheamh ar ais don domhan air, mar nach bhfuil aon bhealach éalaithe anois aige. Agus is é seo is cúis le téamh na cruinne. De dheasca théamh seo na cruinne leánn oighear chaipíní na mol agus ardaíonn seo leibhéal an uisce sna farraigí. Má leanann an t-athrú seo atá ag teacht ar leibhéal na farraige beidh ardú de 1.5 mhéadar sna 40 bliain atá romhainn. Ní bheidh na hacmhainní ag na tíortha bochta chun iad féin a chosaint ar na hathruithe seo. (Féach Leabhar I - "Uisce", lch 18)

## An Bháisteach Aigéadach

Tá na breoslaí iontaiseacha (an ola, an peitreal, an gás, an mhóin agus an ghual) á n-úsáid go tiubh timpeall an domhain. Scaoileann an breosla seo ocsaíd nítrigine agus dé-ocsaíd sulfair isteach san aer. Déanann sé seo aigéad den bháisteach, den

cheo, den fhlichshneachta agus den sneachta. Téann an t-aigéad seo i bhfeidhm ar fhoraoisí, ar aibhneacha agus ar lochanna timpeall an domhain. Titeann báisteach atá chomh haigéadach le sú líomóide ar áiteanna san Iorua gach bliain. Tá drochstaíd cheart ar 80% de na lochanna is de na srutháin i ndeisceart na tíre, iad básaithe go teicniúil, fiú amháin. Is é an scéal céanna é ag tíortha Eorpacha eile, an Phólainn, An Ghearmáin agus an Eilbhéis ina measc. Tá drochiarmhairtí le feiceáil ar a bhfuil á dhéanamh againn, agus tá scrios ceart déanta againn ar ár gcuid maoiné nádúrtha. Cinnteoidh an dá rud sin go bhfuil tubaiste imshaoil i ndán dúinn. Dealraíonn sé anois nach bhfuil ann ach ceist ama mura n-athraimid ár ndearcadh is ár gcuid nósanna. An bhfuil an dara rogha againn?

## Cleachtadh don Dalta



1. An bhfuil ar do chumas cúig tháirge a aithint a thagann chugainn ó na foraoisí báistí (earraí troscáin is mó atá i gceist).
2. Conas a théann tionscal an mhearbha i bhfeidhm ar na foraoisí báistí?
3. Mínigh cad is cúis leis an mbáisteach aigéadach.
4. Tabhair sampla amháin eile d'iarmhairtí dhomhanda a bheadh ar an dífhoraoisiú.
5. Conas is féidir leis an duine aonair na fadhbanna a eascraíonn ón dífhoraoisiú a réiteach?

## Billeog Oibre 1

1. Is beag dár gcuid bia inniu atá úr. Déanaimid 'leasú' ar bhia i mórán slite, m.s. sceallóga reoite. Leasaíonn feirmeoirí san Afraic an bia trína thriomú faoin ngrian. Ag féachaint duit ar a bhfuil sa chistin agat féin, faigh amach na slite éagsúla ina ndéanaimid bia a leasú.

---

---

---

---

---

---

---

---

2. Cá mhéad grántáirgí difriúla is féidir leat a aimsiú i do chistin sa bhaile, m.s. calóga arbhair?

---

---

---

---

---

---

---

---

3. Nuair a chuaigh na coilínigh i mbun feirmeoireachta d'fhás siad an cadás in áit na mbarr bia. Déan suirbhé i do rang le fáil amach cad iad na héadaí a dhéantar as an gcadás. An bhfuil éadaí cadáis saor nó daor?

---

---

---

---

---

---

---

---

4. Sa bhliain 1845 bhí 300,000 feirm faoi 2 heachtár in Éirinn. Sa bhliain 1851 bhí 88,000 feirm faoi 2 heachtár sa tír. I 1910 bhí 62,000 de na feirmeacha seo againn. Taispeáin an t-eolas seo ar bharra-chairt.

Cad a tharla le linn na mblianta sin a laghdaigh uimhir na bhfeirmeacha beaga?

---

---

---

---

---

---

---

---

5. Ba iad na prátaí a bhí mar réim bia ag an gcuid ba mhó de mhuintir na hÉireann sa naoú haois déag. Déan liosta de na saghasanna difriúla bia a itheann tú i gcaitheamh lae amháin agus déan comparáid idir iad agus an méid a mholtar tógáil ó thriantán an bhia. Déan iarracht do chuid bia féin a chur isteach i ngrúpaí, sna leibhéil a thaispeántar ar an triantán.

---

---

---

---

---

---

---

---

6. Cad í an difríocht idir an réim bia atá agatsa agus an réim bia a bheadh ag feoilshéantóir?

---

---

---

---

---

---

---

---

# Uganda: “Péarla Na hAfraice”

In aimsir an choilínithe bhí Uganda réasúnta saibhir. Bhí sí faoi smacht na Breataine ach bhí sé de shaoirse aici a gnóthaí féin a riar agus a cuid acmhainní féin a fhorbairt.

Tír thorthúil is ea Uganda, raidhse uisce agus aeráid bhog aici, ach tá creimeadh ithreach ag tarlú sa tír agus dífhoraoisiú ar siúl inti. Tá deascáin chopair agus chóbailt aici nach ndearnadh aon saothrú fós orthu. Luíonn an chuid is mó den tír idir an ghéag thiar is an ghéag thoir de chóras an Great Rift Valley. Is réigiún leathan sabhána é seo agus is ann a chónaíonn an pobal mór deireanach, geall leis, d’éanlaith is d’ainmhithe fiáine ar thailte féaraigh na hAfraice. Síneann an teorainn thoir-theas trí Loch Victoria. Sníonn an Níl siar ó thuaidh trí lár Uganda. Mar gheall ar na lochanna is ar na haibhneacha, tá an aimsir réasúnta fionnuar, ach amháin do dhúiche Karamojo, áit nach dtíteann an bháisteach ach go treallach agus atá ina leathfhásach dá bharr.

Bhain Uganda neamhspleáchas amach ar an naoú lá de Dheireadh Fómhair, 1962. Ag an am sin bhí an céatadán ba mhó san Afraic aici de dhaoine a fuair a gcuid oideachais san Eoraip agus bhí scoileanna agus ospidéal go flúirseach sa tír. Laistigh de dheich mbliana bhí sí tite go truamhéalach in umar na haimléise.

Ón tús bhí treibheanna i gcochall a chéile agus réigiúin ag cur catha ar réigiúin eile. Bhí méid áirithe riochtaí ann, agus cumhacht agus forlámhas ag teastáil ó gach ceann acu. Bhí difríochtaí ollmhóra sa tír ó thaobh teanga is cultúir de. Is de bharr na rudaí seo ar fad a tháinig Idi Amin i gcumhacht sa bhliain 1971.

Ba rialtóir cruálach é Amin ón tús agus chuir sé an mhaoin ar fad a bhain le húinéirí iasachta faoina stiúradh féin, agus thug bata agus bóthar as an tír do na hÁisigh go léir, a raibh pasanna Briotanacha acu (lucht gnó ar fad na tíre, nach mór). Cuireadh na

gnónna seo faoi stiúradh daoine dúchasacha, daoine nach raibh aon taithí acu ar na cúraimí sin, agus níorbh fhada gur thit eacnamaíocht na tíre as a chéile. Meastar gur básaíodh idir 100,000 agus 300,000 duine go brúidiúil le linn d’Amin bheith i gcumhacht. Briseadh Amin as ceannaireacht na tíre tar éis dó iarracht a dhéanamh ar chuid den Tansáin a ghabháil. Fuair fórsaí Julius Nyerere an lámh in uachtar go bog air, áfach.

Fuair Uganda rialtas daingean, seasmhach sa bhliain 1986, nuair a tháinig Yoweri Museveni i gcumhacht. Thit an ráta boilscithe ó 300% i 1987 go 23% i 1994.

Níl ach 20% de mhuintir Uganda ag cur fúthu sna bailte móra. Sna ceantair iargúlta is beag athrú atá tagtha ar an saol; fásann an chuid is mó de na daoine a gcuid bia féin, tá dlúthcheangal idir lucht aon chlainne agus is féidir fós le muintir na cathrach bia a fháil óna ngaolta faoin tuath. Ní fhástar mórán barr sa tír. Sa deisceart, is é an príomhbhia ná banana glas ar a dtugtar ‘matoke’, agus sa tuaisceart is iad an muiléad agus an sorgam a fhástar.

Tagann 60% den olltáirgeadh náisiúnta ón talmhaíocht agus tá 80% d’oibríthe na tíre gafa léi. Feirmeoirí beaga is ea an chuid is mó de mhuintir Uganda. Cuireann siad tae, caife, cadás agus tobac le hairgead tirim a thuilleamh, agus le haghaidh bia cuireann siad na prátaí, an muiléad, an mhin Indiach agus an casabhach. Is é an caife fós an barr is tábhachtaí le haghaidh easpórtála i Uganda, agus mar nach maith leo bheith ag brath chomh mór sin air, tá an rialtas ag iarraidh seifteanna eile a tharraingt chucu. Cheana féin tá fás 7% sa bhliain faoi na tionscail seo: an siúcra, an bhríbhéireacht, an tobac, éadaí agus an tsuimint. Tugadh cuireadh do na hÁisigh filleadh ar an tír agus táthar tar éis a gcuid maoin a thabhairt ar ais dóibh. Tá an t-iarnród idir



Mombasa agus Kampála ag feidhmiú arís tar éis na mblianta fada naimhdis idir An Chéinia agus Uganda.

Tá Museveni le héirí as oifig sa bhliain 2006. Tá tionól tofa ann, tionól nach mbaineann le haon pháirtí polaitiúil agus tá a chuid údaráis ag dul i méid i gcónaí, ach tá eagla ar a lán daoine go gcruthóidh seanchoimhlintí na dtreibheanna deighiltí arís sa phobal, agus fadhanna eile nach iad. Má fhanann cúrsaí go seasmhach mar atá, agus má leanann an fás, ansin beimid in ann féachaint ar Uganda mar cheann de na tíortha is rathúla san Afraic.

## Ceisteanna

1. Léirigh conas atá an t-ádh ar Uganda maidir le haeráid, le suíomh agus le hacmhainní.
2. Luaigh na difríochtaí ó thaobh na heacnamaíochta de, idir réimeanna Idi Amin agus Yoweri Museveni.
3. Ní theastaíonn ó Uganda bheith ag brath ar na barra sin a dhíoltar ar airgead tirim. Cén fáth?
4. Déan do chárta féin ó Uganda a dheardh agus a scríobh chuig cara leat.

## Cás-staidéar 2: Uganda, ag freastal ar na riachtanais bhunúsacha.

Chun go n-éireodh le hobair forbartha tá sé ríthábhachtach go mbeadh na daoine ar dóibh é páirteach go hiomlán san obair ó thús, go mbeadh smacht acu ar cad atá ag tarlú. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbuailfí leo agus go bpléifí riachtanais a bpobail leo. Is ar a gcuid eolais is ar a gcuid scileanna siúd a bhraitheann cad is féidir a dhéanamh agus cad iad na tionscnaimh nua is féidir a thosú.

Is bloic thógála don todhchaí iad cumas agus acmhainn na ndaoine. Tá scileanna agus eolas nua riachtanach d'obair na forbartha. Mar go bhfuil na tionscnaimh i lámha na ndaoine, braithfidh fás agus fairsingiú na hoibre ar an sochar gearrthéarmach a bheidh le fáil acusan as.

Ó 1999 i leith tá Self Help tar éis a chuid iarrachtaí a dhíriú ar freastal a dhéanamh ar na riachtanais is simplí agus is bunúsaí atá ag na daoine. Ba é an chéad rud a bhí le déanamh ná bualadh leis na daoine agus iad a chur ag obair ar lámha a chéile. Bhí siad féin i gceannas ó thús agus is fúthu a bhí dul chun cinn na hoibre. Is ar a son féin atá siad ag obair agus is leo pé sochar atá le fáil as.

I mí Iúil 1999 thosaigh Self Help ar thionscnamh píolótach Asamuk a thabhairt chun cinn i 50 sráidbhaile. Tionscnamh trí bliana atá ann agus tá sé dírithe ar theacht isteach an teaghlaigh a fheabhsú, agus ar uisce glan sábháilte a chur ar fáil. Sa chéad dá bhliain rinneadh cuid mhór chun:

- Síolta feabhsaithe na mbarr bia is tábhachtaí (casabhach, cnónna talún, sorgam agus an gram glas) a dháileadh ar na daoine.
- Tacaíocht a thabhairt d'aon obair a bhfuil teacht isteach á ghiniúint aici.
- Uisce glan, sábháilte a chur ar fáil.

### Bia Don Todhchaí

- Cuireadh na síolta feabhsaithe seo ar fáil do na daoine: cnónna talún (5,273 chileagram), sorgam (6,310 cileagram), an gram glas (1,240 cileagram) agus gearróg den chasabhach (1,244 mhála).
- Tógadh ceithre shíolbhanc i bparóistí Obur, Asamuk, Ajaki agus Atirir.
- Dáileadh amach meatháin anainn agus gearróg casabhaigh ar na daoine.

### Teacht Isteach a Ghiniúint

- Tacaíodh le 27 ngrúpa a raibh scéim éanlaithe clóis idir lámha acu, trí 1,450 puiléad a bhronnadh orthu.
- Cuireadh 110 coirceog nua-aimseartha ar fáil do 11 ngrúpa feirmeoirí.
- Tacaíodh le 8 ngrúpa d'fheirmeoirí éisc.
- Cuireadh dhá phocán gabhair andúchasacha Bóracha ar fáil chun tógáil áitiúil na ngabhar a fheabhsú.

### Scéim Forbartha Uisce do Cheantair Thuaithe

- Tógadh trí thobar éadoimhne.
- Tolladh sé pholl tóraíochta.

### Gníomhaíochtaí Eile

- Cuireadh sé mheilteoir le haghaidh cnónna talún ar fáil do shé ngrúpa ban.
- Oileadh 57 ngrúpa feirmeoirí i dtáirgeadh éanlaithe clóis, 14 ngrúpa san fheirmeoireacht éisc, 22 ngrúpa sa bheachaireacht, agus sé ngrúpa i dtáirgeadh anainn.
- Cuireadh 782 síolta de shíoloráistí agus de mhangónna feabhsaithe ar fáil d'fheirmeoirí.

### Dúshlán

- Tacú le líon níos mó teaghlach atá ag gabháil don fheirmeoireacht.
- Tacú le gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an talmhaíocht, ach a chabhraíonn le forbairt na tuaithe.

# Caomhnú agus Forbairt Foraoisí Uganda

Tá foraoisí Uganda faoi bhrú, dar leis an Dochtúir Tony Finch, comhairleoir de chuid an A.E. atá ag obair le Roinn na Foraoiseachta. I láthair na huaire tá 4.9 mhilliún heachtár (11.75 mhilliún acra) faoi chrainn, rud a shásaíonn 90% de riachtanais bhreosla is fuinnimh an 22 mhilliún duine, agus a sholáthraíonn an chuid is mó dá gcuid bia agus dídine. Tá 3.7 mhilliún heachtár (8.8 milliún acra) faoi úinéireacht phríobháideach. Is leis an rialtas 50% de na hardfhoraoisí teochriosacha agus níl cead iad sin a úsáid mar is ionaid chaomhnaithe iad don dúlra.

Tá an rialtas tar éis Bille Foraoise is Talún a reáchtáil, a chinntíonn go mbeidh ar na daoine ar leo iad na hacmhainní seo a fhorbairt ar shlí a léiríonn go bhfuil meas acu ar an timpeallacht.

Fadhb mhór amháin nach féidir dul i ngleic léi ná an úsáid a bhaintear as adhmaid chun fuinneamh a ghiniúint. Nuair a ghearrtar suas adhmaid na gcrann agus nuair a chuirtear i dtinte é, is féidir leis timpeall tríocha huaire oiread fuinnimh a ghiniúint is a dhéanfadh an ola agus an leictreachas le chéile. I gcúrsaí tionsclaíochta cuirtear beagnach 80% den fuinneamh is gá ar fáil ar an tslí seo. Dá bhfaigheadh Uganda a chuid fuinnimh ó fhoinsí eile bheadh ardú 7300 milliún ar bhille bliantúil iompórtála na tíre. Tá tionscal

áirithe, mar shampla an tae, an siúcra, na brící, an tobac, na tileanna agus próiseáil bhia ag brath go mór ar adhmaid. Bíonn breis is €40 milliún sa bhliain de theacht isteach ag an tír as adhmaid sáfa, as painéil agus táirgí eile a easpórtáil. I dtionscal na foirgníochta, a bhfuil fás 10%-20% faoi in aghaidh na bliana, úsáidtear an t-adhmaid le haghaidh doirse, bíomaí, díonta, scafall agus le sconsaí a thógáil. Mar a deir an Dochtúir Finch, “Braitheann caighdeán beatha gach duine in Uganda ar sholáthar na bhforaoisí. Níl sé ródhéanach fós d’fheirmeoirí agus d’infheisteoirí príobháideacha géarchéim fuinnimh amach anseo a sheachaint, géarchéim a scriosfadh cuid mhór de na foraoisí atá fós ann.

Tá dianghá le fáschoillte a dtiocfadh aibíocht mhear orthu. An t-aon slí eile a bheidh ann ná adhmaid a iompórtáil agus brath air sin go hiomlán. Caithfear, ar a laghad, 100,000 heachtár a fhás le linn an 20 bliain atá romhainn más mian leis an tír freastal iomlán a dhéanamh ar an éileamh a bheidh ar adhmaid sáfa. De réir mar a fhásann an daonra bíonn brú níos mó ar na foraoisí. Gearrtar crainn chun talamh a chur ar fáil do dhaoine le bia a tháirgeadh. Is é an baol atá ann ná go ngearrfar síos an iomad de na crainn agus go mbeidh easpa smachta ar an obair ar fad.

An t-aon dóchas atá ann ná go dtiocfaidh an t-airgead ó fhoinsí príobháideacha, ó fhoinsí poiblí agus ó dheontóirí idirnáisiúnta comh maith. Cheana féin tá roinnt athphlandála ar siúl ag comhlacht príobháideach áitiúil agus ag páirtithe iasachta, (an Iorua, An Ghearmáin agus an Araib Shádach). Ar bhonn áitiúil, tá breis is 200 duine is teaghlach tar éis fáschoillte agus plandlanna beaga a thosú (Féach “Eladu Robert”).

Tá bóthar fada le taisteal. Tá mórchuid oibre le déanamh ar bhonn áitiúil, ar bhonn



Tá 40 plandlann tosaithe ag Bessie Oluka, sráidbhaile Moro, Asamuk

náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta chun deimhin a dhéanamh de gur féidir freastal ar riachtanais gach duine ar bhealach nach gruthóidh aon fhadhbanna amach anseo.

## Cleachtadh

1. Mínigh cén fáth a bhfuil na crainn tábhachtach do Uganda.
- 2) Luaigh cúig chás dhifriúla ina mbaintear úsáid as adhmaid.
- 3) Conas a théann an fás sa daonra i bhfeidhm ar chás na gcrann?

# Ari Van der Wel

Tháinig Ari Van der Wel go hÉirinn sna seascaidí mar mhac léinn foraoiseachta. Ba é seo an taithí oibre a bhí le déanamh aige mar chuid den chúrsa dá theastas foraoiseachta ó choláiste príobháideach foraoiseachta in Arnhem na hOllainne. Ag an am sin ní raibh ach 2% de thalamh na hÉireann faoi chrainn agus bhí feachtas ollmhór athfhoraoisithe ar siúl sa tír. Bhí mórchuid foraoisí de chuid an stáit faoi chúram na Roinne Foraoiseachta agus bhí a phlandlann féin ag gach ceantar. Thaitin an tír agus muintir na tíre chomh mór sin le hAri gur chríochnaigh sé a chúrsa agus d'fhill go buan ar Éirinn i 1966. Mar go raibh an dífhostaíocht forleathan, ba bheag fáilte a bhí anseo roimh inimircigh agus bhí ar Ari cáipéis a shíniú, ag rá go raibh dóthain airgid aige agus nach mbeadh sé sa tóir ar chúnamh dífhostaíochta. Mar sin, bhí air a bheatha a shaothrú gan chabhair ó aon duine. Tháinig sé chun cónaithe in Eachdhroim, Co. Cill Mhantáin, áit ar cuireadh tús lena chuid oiliúna.

Mar a dhéanfadh aon fhiontraí thriail sé mórchuid post. Cheannaigh sé crainn agus dhíol mar adhmaid iad, d'oibrigh sé sna scéimeanna foraoiseachta áitiúla, bhíodh sé ag obair mar chonraitheoir ar roinnt de na heastáit sa cheantar agus cheannaigh sé 6 acra de thalamh shléibhe. Bhuail sé le Maria agus pósadh iad. Cheannaigh siad an chuid eile den fheirm shléibhe agus leis an gcúlra a bhí aige féin san fheirmeoireacht bhain siad triail as mórchuid fiontar chun a mbeatha a shaothrú. Cheannaigh Ari roinnt caorach agus eallaigh, d'fhás siad glasraí do na margaí áitiúla, thosaigh siad plandlann bheag chrann agus d'fhás siad plandaí le haghaidh fála. Ag an am seo bhí Ari fós ag dul amach mar chonraitheoir foraoiseachta aon áit arbh fhéidir leis an sórt sin oibre a fháil.

De bharr na comhairle agus na cabhrach go léir a fuair sé ó oibrithé foraoise timpeall na háite, agus mar go raibh na scéimeanna athfhoraoisithe ag leathnú i gcónaí bhí ag éirí leis an bplandlann, agus shocraigh Ari go ndíreodh sé é féin go hiomlán ar an ngnó seo. Mar go bhfuil forbairt na bhforaoisí ag brath ar dheontais agus ar pholasaithe an rialtais, ní raibh riamh éileamh seasmhach ar chrainn le haghaidh plandála.

Le linn na n-ochtóidí bhí cothrom €180 á fháil ag Ari ar 1,000 planda óga; inniu ní bhfaigheadh sé ach €140. Mar sin, bhí gá le héagsúlacht agus rinne sé fairsingiú ar thaobh na garraíodóireachta den ghnó, agus bhí plandaí le haghaidh fála, plandaí ornáideacha agus bláthanna á soláthar aige. Inniu tá Ionad Garraíodóireachta is Plandlainne Cappagh ina ghnó rafar. Cheannaigh Ari láithreán 30 acra in aice le baile na hEachdhroime chun ionad maith miondíola a bhunú ar thaobh an bhóthair mhóir. Bhíodh a thriúr páistí i gcónaí ag cabhrú timpeall na plandlainne agus tá siad



go léir ag gabháil don ghnó inniu. Rinne Nicolette cúrsa trí bliana le haghaidh teastais sa ghairneoireacht i dTearmann Feichín, i gCo Lú agus sainstaidéar á dhéanamh aici ar an síolrú. Tá sí anois i bhfeighil an díolacháin leis an bpobal san ionad garraíodóireachta.

Bhain Ari óg, atá anois pósta agus triúr clainne air, céim san fhoraoiseacht amach i gC.O.B.Á.C agus tá sé siúd i bhfeighil na plandlainne. Is í Monique an cuntasóir sa chlann agus cabhraíonn sí leis an díolachán. Tá sise pósta agus beirt pháistí aici. Is gnó ceart teaghlaigh é seo, a thosaigh fiontraí óg, agus ní hamhlaidh go raibh fis mhórchúiseach aige ach gur theastaigh uaidh clann a thógáil agus saothrú dóibh. Is iad na cúiseanna a thabharfadh Ari gur éirigh leis ná gur oibrigh sé go dian, gur chabhraigh muintir na háite leis, agus go raibh sé de chiall aige athrú nuair a tháinig athrú ar éilimh an phobail. Tá sé fiorthábhachtach dó chomh maith aoibhneas a bhaint as an saol agus am a chur i leataobh dá chlann, agus nuair a bhíonn an chuid eile againn ag tabhairt cuairte ar na hionaid gharraíodóireachta gach Domhnach bíonn gnó teaghlaigh Van der Wel dúnta, mar lá don chlann amháin is ea an Domhnach.



# Eladu Robert

Tá Eladu Robert ar bís leis an dúil atá aige sa saol. Mac léinn 24 bliana d’aois ó Uganda atá ann, ach is feirmeoir agus fiontraí é chomh maith. Tá deireadh déanta aige leis an meánscoil agus ba bhreá leis freastal ar an ollscoil ach is beag seans atá aige é sin a dhéanamh. An t-aon dóchas amháin atá aige ná go mbainfidh sé amach scoláireacht ón rialtas chun staidéar a dhéanamh ar an talmhaíocht agus ar an bhforaoiseacht. D’fhéadfadh sé freastal ar choláiste tríú leibhéal áitiúil ach is í an fhadhb mhór a bhaineann leis seo ná go bhfuil na táillí an-ard ar fad.

Tá eolas cuimsitheach ag Robert faoi na crainn is na plandaí ina cheantar féin agus tá sé imithe i gceann gnóthaí le plandlann dá chuid féin. Seo an dara bliain anois ag “Plandlann Oasis” agus tá a lán orduithe curtha isteach ag na feirmeoirí áitiúla a dteastaíonn uathu crainn óga a cheannach. D’fhás Robert na crainn bheaga seo ó shíolta a bhailigh sé ó chrainn is ó phlandaí sa cheantar áitiúil. D’fhás sé na saghasanna neamhchoitianta ina measc as síolta a cheannaigh sé ó aonad gairneoireachta de chuid an rialtais i Mbale, áit atá 40 míle slí ón sráidbhaile ina gcónaíonn sé. Tá a fhios ag Robert nach miste síolta áirithe a bhailiú agus a stóráil go cúramach chun péachadh agus fás a dheimhniú. Is iad an t-eolas agus an aire seo na cúiseanna go bhfuil ag éirí chomh maith sin le tionscnamh Robert. É féin a smaoinigh an chéad uair ar an bplandlann agus is í a fhiontar féin go hiomlán í.

Cailleadh athair Robert nuair nach raibh sé ach naoi mbliana d’aois. Cónaíonn sé lena thríúr seanmháithreacha agus a aintín. Bhí tríúr ban céile ag athair mháthair Robert agus roinn sé a fheirm eatarthu, ag tabhairt na coda ba mhó dá chéad bhean. Gheobhaidh Robert agus a dheartháir (Michael, atá 26) 3.75 heachtár (9 n-acra) talún le huacht, agus



cuid den talamh seo is ea “Plandlann Oasis”. Mar gurb eisean an t-aon fhear fásta ina chónaí in éineacht leis na seanmhná seo tá fadhb ag Robert, mar más mian leis freastal ar an ollscoil, caithfidh sé duine éigin a fháil ina áit chun saothrú dóibh agus chun aire a thabhairt dóibh. Tá an t-ádh leis go bhfuil Michael sásta an cúram seo a thógáil air féin. D’fhág Michael an scoil in aois a 14 dó agus d’fhreastail sé ar chúrsa oiliúna sa ghairneoireacht, a bhí ar siúl sa mhísean Caitliceach áitiúil. Fuair Robert roinnt mhaith dá chuid eolais óna dheartháir, roinnt eile ó na ranganna eolaíochta ar scoil, agus roinnt mhaith eile fós ó na seanóirí sa sráidbhaile, a chuir mórán rudaí ar a shúile dó i dtaobh na bplandaí éagsúla agus an úsáid arbh fhéidir a bhaint astu maidir le bia, le fothain agus le cúrsaí leighis. Ábhar mór misnigh é do Robert gur féidir leis an t-eolas atá tagtha anuas ón tseanaimsir a úsáid leis na hacmhainní agus na teicníochtaí nua-aimseartha.

Fuair Robert is a sheanmháithreacha deontas ó Self Help chun roinnt cearc a cheannach, agus tugadh 200 meathán de phlandaí feabhsaithe anainn dóibh chomh maith.

Fear óg éirimíúil, cumasach, seiftiúil is ea é a bhfuil a lán scileanna aige. Eisean a thóg na tithe beaga aon seomra agus na botháin go léir atá mar áitreabh acu. Eisean a thochail poll domhain an leithris (le comhairle ón Rialtas), agus freisin thóg sé cró do na cearca, ag déanamh deimhin de go mbeidh siad saor ó ghalair agus slán sábháilte ó na hainmhithe

allta. Le déanaí, nuair a thit an seanchrann Shia-cnónna le linn stoirme bhailigh Robert an súlach, ar féidir é a úsáid mar ghallúnach, agus atá go maith mar leigheas le haghaidh fadhbanna craicinn. Thóg sé ocht gcoirceog (ag baint úsáide dó as seanteicníocht áitiúil) as craobhacha móra agus as cuid den adhmaid atá triomaithe agus stóráilte aige, le tógáil leis amach anseo.

Tabharfaidh Michael togha na haire don tseanmhuintir nuair a fhágfaidh Robert an áit chun freastal ar an ollscoil. Is í an dílseacht seo dá chéile laistigh den chlann is cnámh droma do phobal simplí tuaithe. Tá snaidhmeanna láidre muintearais sa teaghlach agus téann an obair a dhéantar chun leasa dóibh go léir. Fear óg is ea Robert a thapaigh na deiseanna go léir a bhí ar fáil agus a bhain an leas ba mhó as na nithe a bhí timpeall air sa phobal. Tá todhchaí rafar i ndán do Uganda má thugtar an tacaíocht agus an spreagadh ceart do Robert agus d’fhiontraithe eile mar é.

## Ceisteanna

1. Cad iad na tréithe, i do thuairim, ar chóir a bheith ag duine chun go n-éireodh go maith leis nó léi mar fhiontraí?
2. Cad iad na deacrachtaí is mó atá ag Robert ina shaol anois?
3. Cad iad na difríochtaí is mó idir saol Robert agus an sórt saoil a chaithimidne?
4. Samhlaigh gur fiontraí óg tú anseo, agus déan cur síos ar na rudaí a bheadh ort a dhéanamh chun fiontar de do chuid féin a bhunú, agus ar na córais tacaíochta a bheadh ar fáil duit.

# Ag Tacú le Feirmeoirí san Afraic sa Cheantar ó dheas den Sahara



Tesfag Abraha, Sráidbhaile Madeo ,  
Ceantar Emní Haile, Eritrea

**Feirmeacha beaga is ea 96% de na feirmeacha sa réigiún taobh ó dheas den Sahára, iad go léir faoi bhun 5 heachtár, agus breis is dhá thrian díobh a bhfuil níos lú ná 1 heachtár (2.4 acra) talún iontu. Táirgeann na feirmeacha beaga breis is 90% de bhia an réigiúin.**

Dream críochnúil is ea iad na feirmeoirí beaga seo. Baineann siad úsáid níos fearr as a gcuid talún ná mar a bhaineann a lán de na feirmeoirí móra, ach tá an chuid is mó acu an-bhocht. Léiríonn staitisticí de chuid na Náisiún Aontaithe go bhfuil breis is dhá thrian de lucht tuaithe sa réigiún taobh ó dheas den Sahára beo bocht, agus iad ag

maireachtáil ar níos lú ná €1 an duine in aghaidh an lae. Tá an scéal ag dul in olcas. Tá muintir an réigiúin ag fulaingt go géar anois ó tharla fadhb mhór shláinte an S.E.I.F ina measc. Tá 13.7 milliún den 16.8 milliún bean a bhfuil an galar orthu, ina gcónaí san Afraic, agus formhór díobhsan sna ceantair thuaithe.

Bíonn fadhbanna ag an gcuid is mó de na feirmeacha atá ar mhionchóir agus soláthar éiginnte bia á tháirgeadh acu. Bíonn sé deacair orthu na margáí a bhaint amach, agus ní bhíonn sé de bhuntáiste acu leasuithe tacair agus síolta a thugann barr maith a bheith ar fáil dóibh. Is minic a bhíonn an talamh i ndrochtaid agus cónaíonn an chuid is mó acu i bhfad ó sheirbhísí is ó bhóithre.

Caithfidh na feirmeoirí sa chuid seo den Afraic dul i ngleic le fadhbanna agus dúshlán nua chomh maith:

1) Tá praghasanna na n-easpórtálacha traidisiúnta (mar shampla, cócó, caife, cadás agus tae) tar éis titim ar fud an domhain, agus ag an am céanna tá na costais táirgthe imithe suas mar nach bhfuil na fóirdheontais le fáil a thuilleadh.

I 2001/2002 mhol Banc Ceannais An Domhain agus an Ciste Airgeadais Idirnáisiúnta do rialtas na Maláive éirí as bheith ag íoc cuid de chostais tháirgthe an bhia. Mar thoradh air sin ní raibh ar chumas na bhfeirmeoirí farasbarr den bhia a tháirgeadh le haghaidh stórála. Mar nach raibh aon bhia i dtaisce tharla ganntanas suntasach. As seo d'éascair gorta eile sa tír sin.

2) Mar go bhfuil earraí anois á ndíol is á gceannach ar bhonn domhanda, ba chóir go mbeadh teacht ag na feirmeoirí beaga ar

mhargaí an domhain, ach, i ndáiríre, is é a tharlaíonn ná go gcailleann siad margáí na mbailte móra is na gcathracha de bharr earraí á bheith á n-iompórtáil ó thíortha eile.

Ní féidir leis na feirmeoirí beaga dul san iomaíocht leis na margadóirí dhomhanda seo. I dtreo is nach mbeidh siad mar sclábhaithe caithfidh rialtais, eagrais nach de chuid an rialtais iad, an rannóg phríobháideach agus an pobal idirnáisiúnta deontóirí dul i mbun gnímh.

- Caithfear aird a thabhairt ar riachtanais na bhfeirmeoirí beaga nuair a bheidh polasaithe na tíre á leagan amach.
- Tá sé práinneach go mbeadh teacht gan dua ar dhrugaí don S.E.I.F agus go mbeadh na drugaí sin saor le ceannach.
- Cuir ar chumas na rialtas infheistiú a dhéanamh san oideachas, i gcúrsaí sláinte agus in infrastructúr na tuaithe (bóithre, scéimeanna uiscithe, srl). Tá sé ríthábhachtach go gcuirfi fiacha idirnáisiúnta na dtíortha seo ar ceal.
- Cuir teicneolaíocht a mbeidh dearadh ciallmhar uirthi agus ar éasca í a úsáid ar fáil do na feirmeoirí beaga.
- Laghdaigh costas na leasuithe tacair agus na nithe eile a chabhróidh le bia maith a tháirgeadh, agus tá sé riachtanach go mbeadh na hearraí seo le ceannach ar cairde.

Tá todhchaí feirmeoirí beaga na hAfraice sa réigiún taobh ó dheas den Sahára ag brath ar roinnt áirithe gníomhaíochtaí a dhéanfar i gcomhar a chéile, chun go mbeidh ar a gcumas slí bheatha a bhaint amach dóibh féin agus dul san iomaíocht laistigh den gheilleagar domhanda.

# Faoi Athrach Saoil Mo Dhán

Áilleacht na hAthaena  
Gan sclábhaí in aon bhall,  
Sin ábhar amháin  
Le mo dhán.

Dán é faoi shaoirse,  
Gan ríthe, gan bhanríonta,  
Ná iarsmaí na mblianta  
'Tá i bhfad siar sa chuimhne.

Faoi dhomhan bog órdha,  
Gan géire a thuaiscirt,  
Gan doimhne a dheiscirt,  
Gan fallaí, gan dallóga.

Faoi lucht cogaidh is arm  
Díbeartha go buan,  
Faoi dheireadh le príosúin  
Lena sceoin is lena bhfuath.

Tá fásaigh faoi dhuilliúr,  
Tá an toradh 'teacht raidhsiúil  
Is an bháisteach á mhisiú.

Dán Faoi thaitneamh na gréine,  
Ag scalladh go saonta  
Is faoi sholas na réaltaí  
Don oíche 'tabhairt léargais.

Faoi shaol athdhéanta mo dhán  
(*Nígi Osundare, An Nígéir*).

Abair leat amhrán, in áit éigin,  
Faoi sholas nuagealaí éigin.

Is cuirfear sinn ar an eolas  
Nach ionann an codladh is an bás,

Nuair a chloisimid an saol mór  
Is a phort aige a athrú.

(*W.B. Yeats, Éire*)



Feirmeoirí ón láthair uiscithe, Dodota, Eritrea

## Cleachtadh

1. Cén t-eolas a thugann an dán dúinn faoi stair na hAfraice?
2. Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Tabhair cúiseanna don rogha a rinne tú.
3. Tarraing pictiúr a léireoidh an bhrí a bhaineann tusa as an dán.
4. Píoc amach amhrán nó píosa ceoil a thiocfadh leis an dán.
5. Ag féachaint duit ar an sampla d'fhilíocht W.B. Yeats, scríobh dán gearr, trí líne ar fad, a chuirfeá leis.

# Fás Bananaí: Bia maith, sláintiúil a sholáthar do dhaoine.

Sa lá atá inniu ann tá 800 milliún duine faoi mhíchothú. Tá cothú an domhain ar cheann de na dúshláin mhóra san aonú haois is fiche. D'fhéadfadh na bananaí a bheith mar chuid de réiteach na faidhbe. Is iad an ceathrú biabharr is tábhachtaí sa domhan iad, gan ach an rís, an chruithneacht agus an t-**arbhar Indiach** chun tosaigh orthu. Déantar 86 mhiliún tonna díobh a tháirgeadh anois.



Radharc ar mhargadh, Kampála, Uganda

Cothaíonn na bananaí 400 milliún duine sna tíortha teochriosacha. Tá siad ríthábhachtach do na feirmeoirí beaga a fhásann iad mar bhia dóibh féin nó chun iad a dhíol ag na margaí áitiúla, agus tá siad ríthábhachtach do na daoine is boichte sa phobal. Do mhórchuid tíortha faoi fhorbairt, is foinse thábhachtach ioncain í easpórtáil na mbananaí.

Déantar 90% de na bananaí a fhástar a chaitheamh go háitiúil, go háirithe san Afraic, i Meiriceá

Theas agus san Áis. I réigiúin áirithe is iad na bananaí an príomhbharr. Fástar iad i mbreis is 120 tír. Tagann 98% de na bananaí ó na plantáin (cineál amháin banana a úsáidtear mar ghlasra) ó na tíortha faoi fhorbairt. Sa tSín itheann siad timpeall dhá chileagram an duine de bhananaí in aghaidh na bliana, san Astráil agus san Indinéis, 50 cileagram atá ann, agus san Afraic Thoir (Uganda, Ruanda, an Bhurúin) itheann siad 250 cileagram an duine sa bhliain. I roinnt tíortha is é an banana brúite an chéad bhia tirim a thugtar do pháistí.

Is féidir bananaí a úsáid ar mhórchuid slíte eile. Próiseálar iad chun plúr, criospaí, citseap agus beoir a dhéanamh. Is féidir an toradh agus na duilleoga a úsáid ina bhia d'ainmhithe agus is féidir, chomh maith, stáirse agus sórt éadaigh a dhéanamh astu.


I dtíortha bochta tá sé éasca ag na daoine sna ceantair thuaithe bananaí a fháil, fiú amháin má tá siad an-bhocht ar fad. Tá sé i bhfad Éireann níos deacra ag

muintir na mbailte móra is na gcathracha iad a fháil, mar tá siad daor le ceannach.

Tá sé éasca bananaí a bhrú agus

na feirmeoirí ar airgead beag agus a dhéanann brabús mór nuair a dhíolann siad le lucht na mbailte móra iad. Dá mbeadh bóithre níos fearr ann bheadh sé i bhfad níos éasca ar na feirmeoirí a gcuid bananaí a iompar do na bailte móra. Bheadh ar a gcumas iad a dhíol ar phraghas níos ísle ná mar a bhíonn ag na







damáiste a dhéanamh dóibh, mar sin is deacair iad a iompar ó na feirmeacha go dtí na bailte móra. Tá líon mór meáncheannaithe a cheannaíonn na bananaí ó




meáncheannaithe, agus fós brabús mór a dhéanamh dóibh féin. Chabhródh sé seo leis na daoine is boichte sna bailte móra teacht a bheith acu ar sholáthar bia atá níos folláine ná an bia a chaitheann siad de ghnáth.

Má tá ar mhuintir na hEorpa praghas maith a thabhairt ar bhananaí, is iad na meáncheannaithe is mó is cúis leis sin, mar is iad a dhéanann na bananaí a cheannach, a iompar agus a dhíol linn. An chuid is mó den am ní bhíonn le fáil ag na curadóirí ach níos lú ná 10% den praghas a thugaimidne orthu. Caithfear tacú le córas a bheidh níos fearr agus níos cothroime. (Féach “An Chóirthrádáil”, sa leabhar seo).



-  Miondíoltóir 4¢,
-  Iomportálaí 2¢,
-  Costais loingis is lódála 1¢,
-  Easpórtáil agus láimhseáil 0.5¢,
-  Teach stóir agus pacáistiú 1.5¢,
-  Bainteoír/curadóir 1¢.



## An Banana a Ghearradh ina Shliseanna

- *Bananaí cearta (ceann do gach grúpa de 6)*
- *Banana mór páipéir amháin (Ceann amháin do gach grúpa)*
- *Banana mór páipéir amháin agus é daite i dtreo is go mbeidh sé ar aon dul leis an ngraf thuas. (Coimeád é seo i bhfolach)*
- *Scian amháin chun na bananaí a gearradh (í seo i seilbh an mhúinteora)*
- *Páipéar agus pinn.*

Roinn suas na grúpaí de 6, agus bíodh ról amháin díobh seo a leanas ag gach duine:

- (a) Bainteoír agus Curadóirí
- (b) Iomportálaithe
- (c) Pacálaithe
- (d) Mórdhíoltóirí
- (e) An Comhlacht loingis
- (f) Miondíoltóirí

Tabhair amach an páipéar agus na pinn.

Tabhair banana ceart an duine do na bainteoírí agus do na curadóirí. Cosnaíonn an banana 10c. sa siopa.

Agus praghas banana sa siopa ar eolas ag gach grúpa, caithfidh siad anois a dhéanamh amach cé mhéid a gheobhaidh gach ball le haghaidh a gcuid oibre is a gcuid costais.

Tar éis cúig nóiméad caithfidh gach grúpa a chás a chur go hiomlán agus na figiúir éagsúla a líonadh isteach ar an mbanana páipéir atá acu.

Taispeáin dóibh an scéal mar atá sé ar an mbanana páipéir a bhí i bhfolach.

Tabhair scian do na bainteoírí is do na curadóirí agus caithfidh siad an banana ceart a gearradh suas de réir na bhfigiúirí cearta. Fágfar na bainteoírí agus gan ach an deichiú cuid de bhanana acu.

- Conas a bhraitheann siadsan?
- An bhfuil sé seo ceart agus cóir?
- Cad is féidir a dhéanamh faoin scéal?

## Billeog Oibre 2

1. Cuir na lítreacha anseo thíos san ord ceart agus gheobhaidh tú crainn neamhgháthacha ó áiteanna éagsúla timpeall an domhain. Tugtar an chéad litir de gach crann mar nod duit.

BBBAOA            B

---

AANNYB           B

---

GGNOIK           G

---

REPJNIU           J

---

LMNOAAIG       M

---

SHUJOA           J

---

AEIQOUSI         S

---

2. Is í an ghiúis chónghuaireach an crann is sine sa domhan, dar le lucht eolaíochta, agus is é an t-ainm a thugtar uirthí i measc na Sléibhte Geala i gCalafornia sna Stáit Aontaithe ná "An Seanfhear". Ta an crann seo breis is 4,600 bliain d'aois!

Ta sí níos sine ná:

- a) An Ghráinseach Nua
- b) An Sfioncs
- c) Falla Mór na Síne

a \_\_\_\_\_

b \_\_\_\_\_

c \_\_\_\_\_

3. Déan liosta in ord aibítire den oiread crann agus is féidir leat: m.s an banyan, an bheith, an coll... Cé mhéad díobh is féidir leat a liostáil?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

4. Ní mar a chéile iad síolta na gcrann éagsúla. Is "torthaí" cuid acu, is "cnónna" cuid eile acu fós, agus tá "eiteoga" ar chuid eile de na síolta. Ar do chóipleabhar déan cairt ina mbeidh trí cholún, ceann do "thorthaí", ceann do "chnónna" agus an tríú ceann do na "heiteoga".

Anois cur gach ceann do na crainn seo a leanas sa cholún ceart: An cuileann, an crann cnó chapail, an seiceamar, an fhuinseog, an coll, an draighean, an caorthann, an dair agus an bheith.

5. Bailigh na síolta ó chrainn éagsúla agus déan iarracht iad a chur ag péacadh sa seomra ranga. Má éiríonn leat is féidir leat buinneán díobh a chur. Mura mbíonn an t-ádh ort déanfaidh Coillte crainn óga a sholáthar dod' rang agus tabharfaidh siad treoir daoibh maidir lena bhfás.

6. Le linn Réabhlóid Na Fraince chuir na daoine "Crainn Na Saoirse" sna bailte móra agus sna sráidbhailte. Faigh amach ar cuireadh crann le haghaidh ócáide speisialta id bhaile mór nó i do shráidbhaile féin. Murar tharla sé sin, nach bhféadfása bheith ar an gcéad duine i do phobal féin a chuir crann do Self Help!

# An Mhaláiv

Ciallaíonn an t-ainm an Mhaláiv “an loch ina bhfuil scáil na gréine mar thine ina chuid uisce” agus is ó Loch na Maláive a fuair an tír a hainm. Is é an tríú loch is mó san Afraic é. Nuair a bhí sí faoi smacht na Breataine ó 1891 go 1964. Lena loch, a cuid talún féaraigh is a cuid talún coille, is tír fhíorálainn í an Mhaláiv. Stiall chaol talún is ea an Mhaláiv nach bhfuil níos leithne ná 160 ciliméadar (100 míle) in aon áit, agus clúdaíonn an chuid den loch ar leis an tír í, an cúigiú cuid d’achar an locha. Luíonn an loch, a bhfuil cáil air de bharr a chuid trána órdha agus raidhse a chuid éisc is éanlaithe, i ngleann domhain. Parthas ceart don turasóir is ea an Mhaláiv leis an bhflúirse ionad saoire atá aici, ina bhfuil spórt uisce agus snámh, chomh maith le líon mór páirceanna náisiúnta.

Rinneadh uachtarán na tíre den Dochtúir Hastings Banda nuair a bhain sí neamhspleáchas amach i 1964. D’fhógair sé é féin mar uachtarán lena shaol sa bhliain 1971 agus is maith a thugann an gníomh sin comharthaí sóirt a réime dúinn. Bhí smacht aige ar gach gné den saol sa Mhaláiv, fiú amháin na héadaí a bhí le caitheamh ag na daoine nuair a rith sé an tAcht Um Ghléasadh i 1973. I gcaitheamh na dtríocha bliain a chaith sé mar uachtarán cuireadh na mílte is na mílte i ngéibheann gan triail, agus rinneadh daoine a chéasadh is a chur chun báis.

Sa bhliain 1992, nuair a bhí cáineadh a réime ag teacht go tiubh agus nuair a coisceadh an chabhair iasachta don tír, tugadh ceart reachta do pháirtithe freasúracha. Bhí a céad toghchán ag an tír agus tháinig rialtas nua i gcumhacht.

Tá an Mhaláiv ag brath ar chabhair iasachta le haghaidh 80% dá buiséad forbartha. Tá sí

ar cheann de na deich dtír is boichte sa domhan; níl léamh ná scríobh ag breis is 60% de dhaoine na tíre agus tá ráta 14% de mhorthláíocht naíonán sa tír. Tá sé mar thosaíocht ag an rialtas dul i ngleic le fadhb na bochtaineachta agus seirbhísí sláinte agus oideachais a fheabhsú, ach is snámh in aghaidh easa an troid i gcoinne an S.E.I.F. Tá an córas oideachais ag titim as a chéile de bharr an méid múinteoirí atá tar éis bás a fháil den S.E.I.F. agus tá iarmhairtí na tragóide seo le feiscint i ngach áit i measc an phobail sa Mhaláiv.

Is í an talmhaíocht fós an phríomhshlí bheatha. Soláthraíonn an earnáil fostaíocht do 80% de na daoine agus is uaithi a thagann 40% den olltáirgeadh Náisiúnta. Maireann mórchuid de mhuintir na Maláive ar na barra a fhásann siad féin. Tá an rialtas tar éis lucht an airgid sa tír a ghríosadh chun infheistiú a dhéanamh san ollfheirmeoireacht le fás a chur faoi easpórtáil earraí talmhaíochta. Is é an toradh atá air seo ná go bhfuil achar níos mó den talamh i lámha mhionlach an phobail, agus dá bharr sin tá an talamh atá fágtha le haghaidh na bhfeirmeoirí beaga tuaithe éirithe an-ghann ar fad.

Is iad na príomhbharra ná an t-arbhar Indiach, na cnónna talún, an caife, na pónairí, an casabhach, an muiléad agus an rís ar bhruacha an locha, chomh maith leis an tobac, an tae agus an síúcra cána, na príomhonnmhairí a fhástar ar na heastáit mhóra, phríobháideacha. Tá an chuid is mó de na heastáit tae sna léibhinn ar shleasa na gcnoc sa deisceart. Fástar an tobac, den chuid is mó, ar an ardchlár méith i lár na tíre.

Tá deascán de bháicsít is de ghual ag an Maláiv ach is beag saothrú a dhéantar orthu



mar go bhfuil siad suite in áiteanna iargúlta. Le blianta beaga anuas rinneadh forbairt ar dhéantúsaíocht a úsáideann hidrileic-treachas ach tá méid mór d’earraí saothraithe á n-iompórtáil fós.

Cónaíonn an chuid is mó de na daoine i gceantair thuaithe, agus baineann 98% díobh le ceann amháin nó ceann eile den naoi ngrúpa seo a leanas: Chewa, Nyanja, Lomwe, Yao, Tumbuko, Sena, Tongo, Ngoni agus Ngonde. Tá cónaí ar an gcuid is mó de na daoine sna réigiúin i ndeisceart agus i lár na tíre.

# Cás-staidéar 3: An Mhaláiv: Ón Talamh Aníos

Ón am a bunaíodh Self Help i 1984 is é an cur chuige a d'úsáid sé i gcónaí ná an chabhair a thabhairt "ón talamh aníos" sna tionscnaimh ina raibh sé páirteach. Cabhraíonn Self Help chun na tionscnaimh a chur ar a mbonnaibh, ach laistigh de chúig bliana is leis na teaghlaigh feirme na tionscnaimh sin go huile is go hiomlán agus is iad atá i bhfeighil orthu. Is iad muintir an phobail áitiúil a roghnaigh na gníomhaíochtaí atá liostaithe anseo.



Elisoni Beni, feirmeoir ó Chiradzulu, an Mhaláiv

## Gníomhaíochtaí don Tionscnamh

Aidhm: Dóthain bia a bheith acu chun iad féin a chothú, agus farasbarr lena chois sin le díol.

Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí an tionscnaimh: Tionólfar 100 cruinniú chun eolas a thabhairt do 167 sráidbhaile le linn tréimhse an tionscnaimh. Tabharfar cabhair chun 167 gCoiste Comhordaithe

Na Sráidbhaile a bhunú, agus chun oiliúint a chur ar fáil dóibh faoi conas feidhmiú mar ghrúpa, agus faoin gceannaireacht. Gheobhaidh an tionscnamh seilbh ar 40 tonna pónaireí, 40 tonna de shíolta na gcónna talún agus 20 tonna de na pónaireí soighe agus dáilfear iad seo ar an bpobal. Dáilfear 20 tonna de shíolta an arbhair Indiaigh ar an 2,000 ar dóibh iad. Mar chabhair do na daoine

chun glacadh le saghasanna nua síolta agus leis an nuatheicneolaíocht, tionólfar 60 taispeántas.

Chun táirgeadh an bheostoic a fheabhsú, roghnóidh an tionscnamh 30 sráidbhaile beostoic, agus cabhróidh sé chun 30 ceann de Choistí Beostoic Na Sráidbhaile a bhunú. Roghnóidh sé 300 duine a meastar go mbainfidh siad leas as páirt a ghlacadh i dtáirgeadh beostoic, agus cuirfear oiliúint ar fáil don 30 coiste i gcothú coiníní, muc agus cearc guine.

Ceannóidh an tionscnamh 60 collachghabhar, 60 muc 'landrace', 50 muc áitiúil, 50 gabhar áitiúil le meascadh leis na collachghabhair, 1000 cearc ghuine, caoga coinín bán ón Nua-Shéalainn le dáilleadh orthu siúd a roghnaíodh. Cuirfidh sé cúig mhodhfheirm ar bun freisin, ceann amháin do gach sórt beostoic, a bheidh ina láithreacha taispeántais.

Chun stop a chur le hídiú na hithreach agus le damáiste don timpeallacht, roghnóidh an tionscnamh 60 sráidbhaile ina

ndéanfar caomhnú ar an ithir agus ar an uisce, agus athfho-raoisíú freisin. Tionólfar 60 cruinniú le heolas a thabhairt agus bunófar 60 ceann de Choistí Acmhainní Nádúrtha an tSráidbhaile. Cuirfear oiliúint ar fáil don 60 coiste seo i bprions-abail chaomhnaithe na hithreach is an uisce. Bunóidh na coistí 60 plandlann chrann agus fásfar 500,000 crann óg taobh istigh de shaolré an tionscnaimh. Chun táirgí gairneoireachta a chur chun cinn bunófar 12 ghrúpa gairneoireachta le barra a shaothrú; ceannófar is dáilfear amach ar an bpobal 20 tonna de shíolta prátaí Éireannacha, 20 cileagram de shíolta glasraí, 100 tonna de phlandaí casabhaigh. Bunófar 30 plandlann a bheidh faoi chúram sráidbhaile éagsúla agus 60 plandlann a bheidh á stiúradh ag daoine aonair. Beidh 12 phlandlann do chrainn torthaí ann ar bhonn pobail agus plandlann chrann amháin, a bheidh faoi chúram an tionscnaimh féin.

Mar iarracht ar easpa cumhachta na mban a leigheas




bunóidh an tionscnamh 45 ghrúpa ban ina mbeidh ballraíocht de 600 chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar ioncam a ghiniúint. Cuirfear oiliúint ar fáil don 600 bean seo i mbainistíocht ghnó agus i ndíol earraí ar mhionscála. Faoi 'bia agus cothú', oilfear 100 bean i bpróiseáil barr, mar shampla, pónairí soighe, casabhach agus prátaí milse, chun cur le luach na mbarr sin. Beidh oiliúint le fáil ag 200 bean in úsáid áiseanna a bheidh spárálach ar an mbreosla. Dáilfear amach 400 de na háiseanna seo ar na mná. I dtreo is go mbeidh soláthar seasmhach de na háiseanna spárála seo ar fáil, oilfear 20 bean ina ndéantús. Ina dhiaidh sin dáilfear amach 2 chileagram de shíolta le barra a shaothrú sna gairdíní baile.

Tabharfar oiliúint do 100 bean i ngarraíodóireacht ghlasraí sa bhaile le linn saolré an tionscnaimh.

Is ar na daoine ar dóibh an tionscnamh a bheidh sé mar chúram é a phleanáil agus é a chur i gcrích. Fúthu a bheidh sé oibríthe tógála a chur ar fáil chomh maith le hábhair thógála a sholáthar ar féidir teacht orthu go háitiúil, ceardaithe a fháil nuair a bheidh gá leo agus tuarastal a thabhairt dóibh. Cuid dá ngnó a bheidh ann freisin cuntais bhainc a oscailt le haghaidh na ngrúpaí difriúla.

Agus mar dhualgas scoir dóibh, beidh orthu monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an tionscnaimh.



# Fadhbanna Tionóntaithe na bhFeirmeacha is na nEastát sa Mhaláiv

Chuir iarmhairtí an Ghorta Mhóir in Éirinn (1845-1848) isteach go mór ar fheirmeoirí a raibh talamh tógtha ar léas acu. Ach bhí ciall cheannaithe anois acu agus diaidh ar ndiaidh tháinig athrú ar an scéal sa tír maidir le seilbh agus le húsáid na talún.

Tír atá talamhiata is ea an Mhaláiv agus í teanntaithe istigh idir Mósaimbíc, an tSaimbia agus an Tansáin. Sa bhliain 2002 bhí géarghanntanas bia agus gorta sa Mhaláiv. Tá tionóntaithe na tíre orthusan is mó a bhíonn thíos le géarchéim bia. Is tionóntaithe iad trian de na hoibrithe i dtionscal na talmhaíochta. Níl cumhacht ná guth acu. Ba í an chúis leis an ngorta i gcónaí, ná gan talamh a bheith ar fáil le haghaidh saothraithe agus le bia a tháirgeadh.

Oibrithe gan talamh, gan chearta is ea tionóntaithe na Maláive. Uaireanta bíonn conarthaí sínithe acu ach ní thugtar aon aird orthu, agus uaireanta eile is i gcoinne leas na dtionóntaithe a oibríonn siad. Go minic ní bhíonn sé de cheart ag tionóntaithe léas a bheith acu. Is beag smacht atá ag an tionónta ar úsáid ná ar oibriú na talún. Mar shampla ní thugtar cead do thionóntaithe barra a fhás mar bhia dóibh féin. Is amhlaidh go dtugann an tiarna talún bia ar ciondail dóibh. Toisc an easpa ceannais seo a bheith acu ar

chúrsaí, níl ar chumas na dtionóntaithe airgead a chaitheamh chun soláthar rialta bia a fhás dóibh féin nó dá gclann. Dá bharr sin bíonn an scéal go hainnis acu maidir le cúrsaí bia. Nuair a dhéantar díshealbhú orthu is í an chúis a thugtar leis ná, nach bhfuil ar chumas na dtiarnaí talún ciondálacha bia a chur ar fáil

dóibh. Cruthaíonn an scéal tubaisteach seo fadhbanna ollmhóra.

Tá gá le hathruithe sa chóras a thabharfaidh cearta do na tionóntaithe. Ceist mhór eile is ea roinnt na talún. Dá dtarlódh seo bheadh sé ar chumas na ndaoine a gcuid bia féin a fhás agus socruithe a dhéanamh faoina dtodhchaí. Tá mórchuid fadhbanna ag baint leis an gceist seo agus beidh sé fiordheacair iad a réiteach.

Agus athruithe agus scéimeanna forbartha á bpleanáil, caithfear suntas a thabhairt don fhás sa daonra, cruthú post agus an gá atá ann leis an tír féin a fhorbairt taobh amuigh den talmhaíocht. Tá mórchuid na bhfadhbanna a bhaineann le húinéireacht na talún fréamhaithe siar in aimsir na gcoilínithe agus na streachailte le haghaidh na hAfraice, nuair a ghlac an Bhreatain seilbh ar an Maláiv. Beidh gá le saineolaithe i gcúrsaí dlí talún, sa bhaile is ó áiteanna i gcéin, chun an fhadhb achrannach seo a réiteach.

Caithfidh an Mhaláiv leanúint uirthi ag fáil cabhrach ón iasacht i dtreo is go mbeidh ar a cumas rud a dhéanamh faoin bhfadhb seo, agus todhchaí níos fearr a phleanáil dá muintir.



Elisoni Beni, feirmeoir ó Chiradzulu, an Mhaláiv

## Cleachtadh

1. Cad í an fhadhb is mó atá ag tionóntaithe sa Mhaláiv?
2. Conas mar a chabhródh athruithe maidir le húinéireacht na talún i réiteach na bhfadhbanna atá acu?
3. Cuir drámaí is mímeanna gearra i láthair faoi na hábhair seo a leanas:
  - An scéal mar atá sé ag na feirmeoirí sin sa Mhaláiv ar tionóntaithe iad.
  - Tuairimí tiarnaí talún na Maláive faoin scéal.
  - Na poist éagsúla a bhfuil baint acu leis an bhfeirmeoireacht sa Mhaláiv.
  - Ócáid díshealbhaithe.

# Cé hiad atá ag alpadh, agus cé hiad atá á n-alpadh siar acu?

Ag tús na mílaoise nua, as an 100 aonad eacnamaíochta ba mhó ar an bpláinéad ba chomhlachtaí iad 51 díobh agus ba thíortha iad 49 acu. Saothraíonn 500 comhlacht, a n-oibríonn gach ceann acu i dtíortha difriúla, 47% de olltháirgeadh an phláinéid ach ní thugann siad fostaíocht ach do 1.59% d'oibrithe an domhain.

Feirmeoirí beaga is ea 25% de dhaonra na cruinne, agus cothaíonn siadsan leath de mhuintir an domhain go díreach agus céatadán níos airde fós go hindíreach. Tá tionchar ollmhór ag na corparáidí ilnáisiúnta ar an saol i dtíortha an domhain ón taobh sóisialta de. Is ar mhaithe leo siúd a oibríonn na hinstiúidí airgeadais agus na rialtais, agus déanann comhaontuithe de chuid na Náisiún Aontaithe freastal ar a gcuid aidhmeanna. Tagann conarthaí a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí trádála faoina n-anáil chomh maith. Tá smacht acu ar thrádáil idirnáisiúnta i gcás mórchuid táirgí, suas le 90% i limistéir tháirgthe áirithe.

Sa bhliain 2000 bhí smacht ag cúig cinn de chorparáidí ilnáisiúnta ar 75% de thrádáil arbhair an domhain. Tá forlámhas ag trí chomhlacht mhóra: Cargill, Bunji agus

Dreyfus. Tá 90% den trádáil san arbhar, sa chaife, sa chócó agus sna hanainn, agus tuairim is 80% de thrádáil an domhain sa tae, faoi stiúradh cúpla comhlacht ilnáisiúnta. Tá smacht acu ar 70% den mhargadh domhanda sa rís agus sna bananaí, agus ar bhreis is 60% den mhargadh sa siúcra cána, de réir an Fhóiraim Dhomhanda um Thaighde sa Talmhaíocht.

Sa bhliain 2002 bhí forlámhas ag an deich gcomhlacht ceimiceán talmhaíochta is mó ar 90% de mhargaí an domhain (Bayer, Monsanto, Dupont agus eile), ar 34% de thrádáil bhia agus de dheochanna an domhain (Nestlé, Kraft Foods, Unilever, Coca-Cola, Mars agus eile), agus ar 30% de mhargaí an domhain sna síolta (Dupont, Monsanto, Bayer agus eile).

Fiche bliain ó shin bhí na mílte comhlacht ag saothrú síolta agus ní raibh smacht ag aon chomhlacht ar 1%, fiú amháin, den mhargadh. Anois tá 30% den mhargadh faoi smacht deich gcomhlacht. Chomh maith leis sin, fiche bliain ó shin, bhí 65 chomhlacht ag táirgeadh ábhar le húsáid i dtionscal na talmhaíochta. Inniu tá 90% den mhargadh faoi stiúradh deich gcomhlacht.

Anois tá comhlachtaí móra a bhfuil táirgí éagsúla á gcur ar an margadh acu, ag teacht le chéile i dtreo is go bhfuil ar tháirgeoirí bia glacadh leis an “bpacáiste” uathu. Mar shampla, tá na comhlachtaí ceimiceán tar éis táthú a dhéanamh leis na comhlachtaí síolta. Leathnóidh an nós seo isteach i dtionscal na ndeochanna, agus i ndeireadh na dála déanfaidh na mórchomhlachtaí ollmhargaidh iad go léir a alpadh suas. Beidh forlámhas thar chuimse acu ar tháirgeoirí agus ar chustaiméirí, ón síol go dtí an t-ollmhargadh.



David Okwee lena bharr anann, sráidbhaile Doholo, Asamuk, Uganda

Sa bhliain 2002, den chéad uair riamh, níor chomhlacht ola ná níor dhéantóir carranna é an comhlacht ba mhó sa domhan, ach ollmhargadh: Wal-Mart. Díolann siad níos mó ná aon dream eile i Meiriceá Thuaidh.

Tugann sé seo go léir mearphictiúr dúinn de na “conarthaí trádála” mar atá siad, agus is léir go bhfuil guthanna na dtáirgeoirí is na gcaiteoirí á múchadh sa mhórfheachtas atá ar siúl chun smacht iomlán a fháil ar mhuintir an domhain sa chuid is tábhachtaí dár saol: cad a bheidh á ithe is á ól againn, agus cathain, cá háit, agus conas a tháirgear é.

## Gníomhaíocht don Dalta

Beir leat isteach lipéid, cumhdaigh, srl ó earraí bia a chuireann na comhlachtaí ilnáisiúnta ar an margadh. Déan léarscáil den domhan ag baint úsáide as na lipéid chun cumhacht agus tionchar na gcomhlachtaí sin a léiriú.



# Ní “Bean an Fheirmeora” a Thuilleadh í

(Féach Leabhar 1, “Uisce”, lch 14, “Lá i Saol Bhean Fheirmeora sa Chéinia)

Diuidh ar ndiuidh tá líon níos mó ban ag glacadh páirte i dtionscnaimh forbartha, agus mar thoradh air sin tá meon anois ann atá níos báúla leis na mná. Go dtí le déanaí is mar bhean an fheirmeora a fheicfí an t-Afracach mná is í ag obair sa ghort. Inniu tá a fhios againn gur dóichí gurb í an feirmeoir féin í. Saothraíonn mná na hAfraice dhá thrian de tháirgeadh talmhaíochta na Mór-roinne. Má shamhlaíonn aon duine gurb iad na fir a théann amach ag obair agus go bhfanann a mná chéile sa bhaile ag tabhairt aire do na páistí, níl an léamh ceart ar an scéal ag an duine sin. Glactar leis anois go bhfuil an bhean ar chomhchéim leis an bhfear, go bhfuil sí mar chomhpháirtí aige agus iad beirt ag taisteal ar bhóthar na forbartha.

Níl na mná ag fanacht faoi scáth na bhfear a thuilleadh. Tá beatha dá gcuid féin anois acu. Tá na mná anois ag foghlaim conas labhairt amach agus tá a gcuid tuairimí is a gcuid mianta féin á nochtadh acu.

Is í an chonstaic is mó i dtionscnamh forbartha ná an neamhlitearthacht. Is mná iad suas le dhá thrian den bhiliún duine ata gan léamh, gan scríobh. Comhartha den leatrom a dhéantar ar na mná is ea an ráta ard neamhlitearthachta ina measc, seachas mar atá an scéal i measc na bhfear. I roinnt tíortha déantar iarracht níos tréine ar oideachas a thabhairt do na buachaillí ná mar a dhéantar ar é a thabhairt do na caillíní. I roinnt cásanna ní thugann na fir aon tacaíocht do na mná mar go bhfuil eagla orthu go gcaillfidh siad féin a gcuid cumhachta má bhíonn léamh agus scríobh ag na mná. Méadaíonn an neamhlitearthacht cleithiúnas na mban ar na fir, agus laghdaíonn sí an cumas atá acu aire cheart a thabhairt dá gcuid maoinne, dá gcuid saibhris féin is dá sláinte.

Déanann sé teorannú ar dhul chun cinn na mban iad a bheith gan léamh, gan scríobh,

agus is bac é seo ar dhul chun cinn na clainne is an phobail freisin. I mórchuid cásanna déanann na mná os cionn 75% den obair i dtáirgeadh an bhia, ach ní thugtar aon aitheantas don éacht seo mar go bhfuil díol an bhia agus ceannach earraí fós i lámha na bhfear.

Tá fadhb chumarsáide anseo ach tá sí á sarú trí úsáid a bhaint as cruinnithe, as ceardlanna, as seisiúin oiliúna, as an raidió is as na físeáin, nó fiú amháin as úsáid na drámaíochta mar a rinne an pobal sa sráidbhaile Arubella in Uganda Thuaidh. Baineann Cumann Náisiúnta Eagrais Na mBan in Uganda úsáid anois as sraithchlár drámaíochta ar an raidió, a chraoltar ar fud na tíre chun an teachtaireacht a scaipeadh i measc na ndaoine.

Tá sé riachtanach ó thaobh na forbartha de go gcuirfí ar a súile do dhaoine go bhfuil idir eolas, scileanna agus chearta ag na mná. Mar thoradh air seo ba chóir go mbeadh dul chun mór le feiceáil sa phobal, agus feabhas ag teacht ar shaol gach duine.

## Cleachtadh

1. Cén tábhacht atá ann do na mná go bhfuil 'bean an fheirmeora' imithe agus an 'feirmeoir' féin tagtha ina háit?
2. Cad í an chonstaic is mó do na mná agus iad ar bhóthar na forbartha?
3. Tabhair samplaí de na slite ina bhfogh-laimíonn daoine faoin bhforbairt.
4. Cuir cnuasach pictiúr le chéile a léiríonn na cineálacha éagsúla oibre a dhéanann na mná sa chuid den domhan atá faoi thrácht againn.



Tsege Weini Gebreab ag tabhairt aire do bheithígh a cheannaigh sí tríd an scéim Creidmheasa agus Taisce



# An Chóirthrádáil

## Gníomhaíochtaí duit.

Cuir feachtas ar siúl le brú a chur ar shiopa na scoile earraí Cóirtrádála a dhíol.

I gceaintín na scoile agus i seomra na foirne bíodh tae agus caife de chuid na Cóirthrádála ar fáil.

Faigh amach cad iad na siopaí i do cheantar a dhíolann earraí ar leis an gCóirthrádáil iad, agus déan do chuid siopadóireachta sna siopaí sin.

Iarr ar an ollmhargadh i do cheantar earraí de chuid na Cóirthrádála a chur ar na seilfeanna, agus ansin déan cinnte de go ndéanann tú féin, do chlann agus do chairde bhur gcuid siopadóireachta ann.

Bunaigh grúpa ar suim leo An Chóirthrádáil i do scoil a cheannóidh na hearraí, a dhéanfaidh bolscaireacht fúthu agus a dhíolfaidh le daoine eile iad.

Contact Fair Trade at [www.maketradeair.com](http://www.maketradeair.com)



Tá idir bhocht is shaibhir ar an saol. Tá saibhreas thar chuimse ag roinnt daoine, agus tá daoine eile ag stracadh leis an saol chun dóthain a fháil le hithe gach lá. Bíonn an difríocht idir an dá aicme bainteach go minic leis na gnáthroghanna a dhéanaimid inár saol go laethúil.

Faighimid mórchuid de na hearraí a cheannaímid sna hollmhargaí gar dúinn ar phraghas atá réasúnta, dar linn. Go minic ní bhíonn astu ag na daoine a chuir is a shaothraigh iad sna tíortha faoi fhorbairt, ach airgead atá ag níos lú ná 10% den phraghas a thugaimidne orthu.

Cad a imíonn ar an 90% eile agus cé atá ag déanamh brabús mór as an tae, as an gcaife, as na bananaí, as an tseacláid agus as an líon mór earraí eile a cheannaímid? I mórchuid na gcásanna is iad na comhlachtaí ilnáisiúnta a dhéanann an sochar. Is leo cuid mhór den talamh sna tíortha faoi fhorbairt, agus níl na daoine a shaothraíonn an talamh ag maireachtáil ach ar éigean ar an bpá a fhaigheann siad, pá atá chomh híseal le €1 in aghaidh an lae. Cuireadh an Chóirthrádáil ar bun chun praghas cóir, cothrom a chur ar fáil do na curadóirí agus do na táirgeoirí, agus chun go mbeadh dóthain airgid le fáil acu de bharr a gcuid oibre chun a gclanna a chothú is a thógáil, agus, chomh maith, go mbeidís ábalta pleanáil don todhchaí.

"An chéad uair gur dhíolamar ár mbarr cócóg faoi choinníollacha na Cóirthrádála, d'ardaigh na meáncheannaithe áitiúla a gcuid praghasanna. Ba é an chéad uair againn é go raibh tionchar againn ar phraghas ár gcuid cócóg." (Safala, feirmeoir ó Shiarra Leon)

Ní ainm nó teideal amháin é "An Chóirthrádáil". Is cur chuige agus nós imeachta í.

Chuir Oxfam (na Breataine) "An Chóirthrádáil" ar bun i 1964 chun an córas a athrú ón mbonn aníos. Osclaíodh an chéad siopa de chuid na Cóirthrádála san Ísiltír sa bhliain 1969. Faoin mbliain 2003 bhí fás tagtha faoin gCóirthrádáil sa mhéid is go raibh suas le 100 eagrais i 25 tír dhifriúla aici. Ceannaíonn siad díreach ó na curadóirí is ó na táirgeoirí sna tíortha faoi fhorbairt, agus díolann siad na táirgí i siopaí na Cóirthrádála, trí na catalóga ordaithe poist, na siopaí d'earraí orgánacha, sna margáí áitiúla agus anois in ollmhargaí timpeall an domhain.

Ta an Chóirthrádáil ann chun praghas cóir a fháil do na táirgeoirí. Sa chás go socraítear an praghas ar mhargaí idirnáisiúnta (mar shampla, an tae, an caife agus an cócóg), tugtar an praghas sin dóibh agus beagáinín beag breise lena chois. Mar nach bhfuil áit do mheáncheannaitheoirí sa slabhra sin ina mbogann na hearraí leo ón saothróir siar amach go dtí an caiteoir, is minic go mbíonn na praghasanna sna siopaí níos ísle agus bíonn praghas níos airde le fáil ag an saothróir. Tá 2,500 táirge ar fáil anois tríd an gCóirthrádáil. Tá caife, tae, cócóg, siúcra, fíon, súnna torthaí, seacláid, cnónna, spíosraí, rís agus an ceann is déanaí, bananaí, mar chuid den raon earraí atá ar díol.

## Téigh I mBun Gnímh

Fútsa atá sé anois do theaghlach, do chairde scoile agus an pobal áitiúil a chur ar an eolas faoin "gCóirthrádáil".

## Billeog Oibre 3

Faigh na focal seo sa bhosca :

TRIOMACH, TÍONÓNTA, UISCIÚ, ITHIR, ARBHAR, AFRAIC, TEFF, GHANA, TUTSI, FIACHA, FORAOIS, TRÁDÁIL, GNÓ, POBAL, GIÚIS, SÍOLTA, ADHMAD, OIDEACHAS.

T R I O M A C H T V G U B H J A  
 U E K V T R A D A I L H I M P E  
 T I F O R B Z B E P O B A L N F  
 S T S F A H O I S G R N W N O I  
 I H M C O A F R A I C Y O X A A  
 R I Z Y I R V G T U O R T N Z C  
 E R P A X U W N U I S L M O T H  
 P A X F O R A O I S L Q T N P A  
 O I D E A C H A S A D H M A D Q

## Crossfhocal faoin Maláiv


(Bunaithe ar an eolas ar leathnaigh 29-32)

### Trasna

1. Éire inné, an Mhaláiv inniu.
4. Le haghaidh síolta na gcrann.
7. As an Nua-Shéalainn a tugadh iad seo.
8. Is maith leo na hionaid saoire.
10. Uaidh seo a fuair an tír a hainm.
11. Cath agus Uachtarán.
14. Níos mó ná 80% den daonra ag gabháil dó seo.
15. Níl siad seo ag na tionóntaithe.

### Síos

2. Ní leo an talamh.
3. 600 acu á n-oiliúint.
5. Níl sé seo ag 60% den daonra.
6. Faoi ainm eile – (1891-1964).
9. An méid seo príomhghrúpaí sa tír.
12. Síolta ó Éirinn.
13. An Bhreatain a rinne é seo.



Tá na crainn ríthábhachtach don timpeallacht. Cabhraíonn siad leis an uisce a choimeád ag leibhéal a chuireann ar chumas na dteaghlach atá ina bhfeirmeoirí, agus iad siúd a bhfuil tithe acu i gceantair thuaithe, chomh maith leis na bailte móra is na cathracha, maireachtáil i dteannta a chéile. Gan na crainn d'imeodh an chuid is mó den uisce gan tásca gan tuairisc isteach trí screamh na cruinne. Tugann na crainn fothain dúinn chomh maith, maraon le haer glan, adhmaid agus acmhainní nádúrtha eile.

Sa bhliain 1900 ní raibh ach 1% de thalamh na hÉireann faoi fhoraoisí. Faoin mbliain 2000 bhí sé seo méadaithe go 10%, nach mór. Is méadú mór é seo ach tá an céatadán féin ar an gceann is lú san Aontas Eorpach. Tá 25% den Ghearmáin faoi fhoraoisí agus foraois is ea 35% de thalamh na Pólainne.

In Éirinn sna seascaidí tháinig méadú mór ar an achar talún a bhí á úsáid don fhoraoiseacht. Inniu, cé go bhfuil rialacha níos déine i bhfeidhm ó thaobh airgeadais de, tá tionscal na foraoiseachta ag fás i gcónaí. Tá méadú lá i ndiaidh lae ar an líon infheisteoirí príobháideacha atá tar éis crainn a shaothrú.

Tá sé mar aidhm sa tír gearradh siar ar an táirgeadh ón talmhaíocht amach anseo. Mar sin, tá mórchuid feirmeoirí ag féachaint ar an bhforaoiseacht mar bhealach eile chun úsáid a bhaint as a gcuid talún. Tá rialtas na hÉireann tar éis deontais fhlaithiúla a bhronnadh mar chabhair dóibh siúd a bheadh sásta crainn a chur. Is í Coillte, Seirbhís Foraoiseachta na hÉireann, a bhfuil sí de chúram uirthi tacaíocht a thabhairt don tionscal seo agus é a fhorbairt. Saothraíonn Coillte 40 milliún crann gach aon bhliain. Infheistiú mór é seo i dtodhchaí na hÉireann. Tá an meath ar fhoraoisí báistí an domhain ag tarlú ar luas atá scanrúil. Caithefidh Éire féachaint ar na riachtanais is mó a bheidh ag déanamh tinnis di amach anseo, agus déanánail a dhéanamh dá réir. Caithefidh sí, chomh maith, a cuid a dhéanamh le cinntiú go mbeidh muintir an domhain uile ábalta

mairachtáil i dtimpeallacht atá sábháilte agus folláin.

Tá ceacht le foghlaim ag muintir na hÉireann ón dea-shampla atá tugtha dúinn ag an seirbhís foraoiseachta. Mar sin, tá sé de dhualgas orainn níos mó crann a chur gach bliain, go háirithe na crainn duillsilteach, mar shampla an dair, an fhuinseog agus an teile. Tá sé éasca crann óg a chur ach is gníomh é a dhéanann difríocht mhór. É sin déanta, beidh ár n-aird á díriú go nádúrtha againn ar an truailliú agus ar gan ár gcuid acmhainní a chur amú. Tá muintir na hÉireann ag taispeáint don saol mór go bhfuilimid 'nós glaise' trí chaomhnú a dhéanamh ar an uisce, ar an leictreachas agus ar an teas, agus chomh maith trí pheitreal gan luaidhe a úsáid. Tá dreach nua anois ag teacht ar an 'gCúmhaigh Ghlas' ó thosaigh daoine ag baint úsáide as fuinneamh na gaoithe le haghaidh soláthar leictreachais agus as na páinéil ghréine chun uisce a théamh.

Is é an dúshlán atá ann ná go leanfaimis orainn ó lá go lá leis an saol 'glas' atá á chaitheamh againn faoi láthair. Is í an tslí is simplí agus is éifeachtaí do dhaltaí scoile ná feachtas saothraithe crann a eagrú ar scoil nó sa phobal áitiúil.

Anseo in Éirinn tá Coillte sásta cabhrú leis na scoileanna san fheachtas seo trí chrainn óga a sholáthar dóibh ar phraghas an-íseal (50 cent an crann). An t-aon choinníoll a bhaineann leis ná go gcuirfí ordú isteach le haghaidh 50 crann, ar a laghad. Féachfaidh Coillte chuige go mbéarfar na crainn óga chun na scoile.

Déan teagmháil leis an mBainisteoir Díolachán (Pat Peters) ag Plandlanna Bhaile An Teampaill, Ard An Aitinn, Co. Cheatharlach. Fón: 059 9155621,

ríomhphost: pat.peters@coillte.ie, nó úsáid an suíomh idirlín atá acu ag: [www.coillte.ie](http://www.coillte.ie)

Ceannaigh Táirgí Cóirtrádála' tú féin freisin (féach an t-alt speisialta: "An Chóirtrádáil").

## Dúshlán Don Dalta.

Eagraigh feachtas chun:

1. Aird an phobail a dhíriú ar bhuncheisteanna faoin timpeallacht, e.g. Úsáid an uisce.
2. Crainn a cheannach ó Coillte nó ó phlandlann áitiúil. Más féidir é, déan iarracht na crainn a dhíol sa phobal mar chuid d'fheachtas chun aird a dhíriú ar an scéal. (Bronn an teacht isteach ar chumann carthanachta éigin). Na crainn a chur i bhfearann na scoile, in áit phoiblí, nó sa bhaile.
3. Feachtas a eagrú chun earraí de chuid na Cóirtrádála a cheannach ar scoil.



# Tráth na gCeist

Ceist 1

Ba é daonra na hAfrice sa bhliain 1900 ná

- A. 50 milliún      C. 111 mhilliún  
B. 80 milliún      D. 144 mhilliún

Ceist 2

I láthair na huaire is é an méid tíortha ar mhórthír na hAfraice ná:

- A. 32                      C. 43  
B. 39                      D. 47

Ceist 3

Is é an meánmhéid de thalamh saothraithe in aghaidh an duine sa domhan inniu ná:

- A. 0.2 heactár      C. 1.5 heactár  
B. 1 heactár      D. 5 heactár

Ceist 4

Cén tír díobh seo ina bhfuil deilt abhainn na Níle?

- A. Eritrea              C. An Éigipt  
B. An tSúdáin      D. An Libia

Ceist 5

Cén t-ainm díobh seo a thugtar ar Uganda?

- A. Croí fíorchaoín na hAfraice      C. Bolg Soláthair na hAfraice  
B. Péarla na hAfraice      D. Grianstát na hAfraice

Ceist 6

Is é an meánardú a thagann ar dhaonra an domhain gach lá ná:

- A. 100,000              C. 480,000  
B. 230,000              D. 610,000

Ceist 7

Cén sórt bia ar chóir dúinn é a ithe mar phríomhchothú inár réim bia laethúil?

- A. Na carbaihio-dráití      C. An phróitéin  
B. An tsail                  D. Na vitimíní

Ceist 8

Is é an meánmhéid bananaí a itear in aghaidh an duine sa bhliain in Uganda ná:

- A. 2 chileagram      C. 100 cileagram  
B. 25 chileagram      D. 250 cileagram

Ceist 9

Cén tír inar oscail "An Chóirthrádáil " a céad siopa?

- A. San Ísiltír              C. Sa Bhreatain  
B. Sa Ghearmáin      D. Éire

Ceist 10

Cén sórt gáis a thógann na crainn as atmaisféar na cruinne

- A. Nítrigin                  C. Dé-ocsaíd charbóin  
B. Meatán                  D. Ocsaigin

Ceist 11

Is é an méid airgid a chaitear ar bhia do pheataí san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá in aghaidh na bliana ná:

- A. €25 bhilliún      C. €8 bhilliún  
B. €17 mbilliún      D. €900 billiún

Ceist 12

Is é an t-ainm a thugtar ar sheirbhís foraoiseachta na hÉireann ná:

- A. Coillte                  C. FÁS  
B. Crann                  D. Teagasc

Ceist 13

Cen tír díobh seo ar a raibh An Dochtúir Hastings Banda ina uachtarán?

- A. An Mhaláiv              C. An Aetóip  
B. Uganda                  D. An Chéinia

Ceist 14

Is é an ráta mortlaíochta naíonán san Aetóip ná:

- A. 50 as gach 1,000      C. 100 as gach 1,000  
B. 75 as gach 1,000      D. 125 as gach 1,000

Ceist 15

Is í an chonstaic is mó atá ar mhná na hAfraice ó thaobh forbartha de ná:

- A. Ganntanas airgid      C. Easpa tacaíochta  
B. An Neamhlitearthacht ón rialtas  
D. An Míchothú

# Cur Chuige Traschuraclam

An Stair	An Gheograif	An Béarla
Na fionnachtana	Úsáid Na talún	Dánta agus scéalta bunaithe ar an talamh
An cóilíniú	An talamháocht agus	Scéalta na muintire
	An fheirmeoireacht	díshealbhaithe
Cogaí le haghaidh tailte san Afraic	Uisce	Dearcadh na méa chumursáide ar an saol san Afraic
Conarthaí laistigh den Afraic agus faoin Afraic	Forbairt Na Tionsclaíochta	Guthanna na hAfraice sa litríocht, sna hamhráin, srl
Teagasc Creidimh	An Eacnamaíocht	An Eolaíocht
Aire a thabhairt don timpeallachta	Trádáil	Dromchla na cruinne
Cothroime agus ceartas	Tionscal an Bhia	Na gáis tí ghloine
Brúnna an lae inniu	Forbairt acmhainní	Bia, cothú agus díleá
An meas ar chultúir eile	Na fiacha idirnáisiúnta	Péacadh na síolta
Ealaín	Ceol	Eacnamaíocht Bhaile
Cnuas-íomhánna den Afraic	Rithimí na hAfraice	Cothú agus réim bia
Dearadh Afracach	Ceol do na ceithre shéasúr	Bia na hAfraice
Seodra	Amhráin don chur is don bhaint	Modhanna cócaireachta is stórála
Corp-phéinteáil	Gléasanna adhmaid	Ócáidí ceiliúrtha leis an mbia

## Cleachtadh: Féachaint ar ghrianghraif

Féach ar ghrianghraif na mban ar leathanaigh 11 agus 31.

1. Pléigh na cineálacha difriúla oibre atá ar siúl ag na mná anseo. Ar mhaith leat féin tabhairt faoi na poist chéanna? Cén fáth?
  2. Cad iad na difríochtaí is mó idir an obair seo agus obair na mban in Éirinn?
  3. Cad í an difríocht idir an margadh bia ar lch 26 agus an saghas siopadóireachta a dhéanfa san ollmhargadh? (Bí ag smaoineamh ar an mbia féin, ar an bpacáistiú a dhéantar air, cad as a dtagann sé, cén sórt leasaithe a dhéantar air, srl)
  4. Ciall a bhaint as an íomhá – Féach ar lch 35. Dá mbeadh a fhios againn cé leis na beithígh seo, an mbeadh ciall dhifriúil á baint againn as an íomhá?
- Conas mar a bheadh sé difriúil :
- a) Dá mba léi féin iad?
  - b) Dá mba lena fear céile iad?
  - c) Dá mba le comharchumann na mban iad?
  - d) Dá mba leis an tiarna talún iad?

## Foinsí Úsáideacha

Eolas faoin Afraic:  
[www.oneworld.org/odi](http://www.oneworld.org/odi)  
[www.africasia.com](http://www.africasia.com)

Eolas faoin bhforaoiseacht:  
[www.coillte.ie](http://www.coillte.ie)  
[www.coilltenurseries.ie](http://www.coilltenurseries.ie)

Eolas faoin gcóirhrádáil:  
[www.marketdefair.com](http://www.marketdefair.com)  
[www.cafedirect.co.uk](http://www.cafedirect.co.uk)

Eolas faoin glár domhanda bia:  
[www.wfp.org](http://www.wfp.org)

Eolas faoi bhia  
[www.oneworld.org](http://www.oneworld.org)  
[www.globalissues.org](http://www.globalissues.org)

Eolas faoi uisce:  
[www.worldwaterforum.org](http://www.worldwaterforum.org)

Eolas faoin timpeallacht:  
[www.doingyourbit.org.uk](http://www.doingyourbit.org.uk)  
[www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)  
[www.peopleandplanet.org](http://www.peopleandplanet.org)  
[www.envirolink.com](http://www.envirolink.com)

Eolas ar mhaoiniú idirnáisiúnta:  
[www.worldbank.org](http://www.worldbank.org)

Eolas faoi mhná sa tríú domhan:  
[www.women3rdworld.minigo.com](http://www.women3rdworld.minigo.com)

Eolas faoi dhifforaoisiú:  
<http://environmentminingco.com/msubfor1.htm>  
<http://forests.org/forsite.html>  
<http://www.wri.org/wri/index.html>

Suíomh idirlín Self Help:  
[www.selfhelp.ie](http://www.selfhelp.ie)

An t-Ionad Idirnáisiúnta Um Ghorta;  
[www.ucc.ie/famine](http://www.ucc.ie/famine)

Comhoibriú don Fhobairt, Éire  
[www.dci.gov.ie](http://www.dci.gov.ie)

Eolas faoin talamhaíocht:  
[www.fao.org/food&agricultureOrganisation](http://www.fao.org/food&agricultureOrganisation)

Ionad U.C.C le haghaidh Staidéir Chomhoibrithe  
[www.ucc.ie/acad/foodecon/centreb.html](http://www.ucc.ie/acad/foodecon/centreb.html)

Aonad Forbairt Tuaithe U.C.D  
[www.ucd.ie/-agri/](http://www.ucd.ie/-agri/)

Comhairle Crann na hÉireann  
[www.treecouncil.ie](http://www.treecouncil.ie)

Ceist 1 C  
Ceist 2 D  
Ceist 3 A

Ceist 4 C  
Ceist 5 B  
Ceist 6 B

Ceist 7 A  
Ceist 8 D  
Ceist 9 A

Ceist 10 C  
Ceist 11 B  
Ceist 12 A

Ceist 13 A  
Ceist 14 D  
Ceist 15 C

# An Afraic Bheo - Clár do na Scoileanna

Tá deis á tabhairt do dhaltáí is do mhúinteoirí rúndiamhair na mór-roinne dorcha a fháil amach dóibh féin. Tugann Self Help deis do mhúinteoirí agus do dhaltáí staidéar a dhéanamh ar phobal san Afraic agus cuairt a thabhairt ar an mór-roinn, mar chuid de chlár scoile atá ann chun cabhrú le tíortha faoi fhorbairt seasamh ar a mbonnaibh féin, agus spórt a bhaint as an obair seo fad a bheidh siad ag gabháil di.

I measc na dtíortha atá sa chlár, tá an Aetóip, Eritrea, an Mhaláiv agus an Chéinia.

## Aidhmeanna

- Daltáí óga agus múinteoirí a chur i dteagmháil le muintir tíre atá faoi fhorbairt
- Tuisceant níos fearr a chothú ionann faoi na difríochtaí atá eadrainn i gcúrsaí cultúrtha, agus ó thaobh tíreolaíochta agus eacnamaíochta de
- Pictúr cruinn, ceart a thabhairt faoin saol i dtír de chuid na hAfraice
- Eolas cruinn a chur ar fáil do dhaoine óga faoi conas mar a oibríonn tionscnamh forbartha
- Múinteoirí agus daltaí a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar na modhanna a úsáidtear chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an ngorta san Afraic.

## Buntáistí

- Tá deis, nach mbeidh acu choíche arís, ag múinteoirí agus daltaí ar cuairt a thabhairt ar an Afraic
- Tá daoine a bhfuil an t-eolas acu ar fáil chun an t-ábhar a mhúineadh do na daltaí

- Tá ábhar curaclaim ann do na scoileanna
- Tá teagmháil agus ceangal á ndéanamh le múinteoirí agus le scoileanna eile atá páirteach sa chlár
- Tugtar dúshlán do dhaoine óga suim a chur i gcás daoine eile, agus dul i mbun gnímh ar son muintire nach bhfuil chomh maith as leo féin

## Tacaíocht a Thabhairt Do Thionscnaimh San Afraic

Déanann Self Help a chuid oibre le lucht na sráidbhailte agus na bhfeirmeacha i gceantair thuaithe na hAfraice. Nuair a thugann múinteoirí agus daltaí cuairt ar thír, feiceann siad dóibh féin conas a mhaireann na daoine. Taobh amuigh de chuairt a thabhairt ar an Afraic is féidir le scoileanna tacú leis an obair trí chabhair a thabhairt chun tionscnaimh bheaga a mhaoiniú, tionscnaimh a dhéanann difríocht mhór i saol na nAfracach.

## Sampla Simplí de seo ná:

Airgead a bhailiú le haghaidh tobair a chuirfidh uisce glan, sábháilte ar fáil do phobal a bhfuil 1000 duine nó níos mó ina gcónaí ann. Baistear ainm na scoile a dhéanfaidh an urraíocht, ar an tobar.



Karen Campbell, Mac Léinn ó Scoil Naomh Dominic, Cabra, B.A.C. le Nancy, bean áitiúil in Asamuk, Uganda

## Samplaí eile:

- Seomra ranga a thógáil i scoil éigin
- Trosacán a sholáthar do leabharlann scoile
- Deimhin a dhéanamh de go gcuirfear réim cheart bia ar fáil don phobal
- Crainn a chur

Nuair a bhíonn daoine páirteach i ngníomhaíochtaí a thacaíonn leis na tionscnaimh seo, cuireann sé ar a súile dóibh conas a bhíonn cúrsaí. Tugann na gníomhaíochtaí seo aidhmeanna difriúla do dhaltáí freisin lena gcuid oibre. Is é sin is oideachas ann: foghlaim trí ghníomhaíocht, foghlaim don saol, saol fada a bheidh lán de shuntas.

“I mo thuairim féin, bhí an chuairt a thug mé ar Uganda ar cheann de na himeachtaí ba mhó a chuir athrú ó bhonn ar mo shaol, agus beidh dearcadh difriúil agam go deo dá bharr” (Faren Campbell, Mac-Léinn, Coláiste Naomh Dominic, Cabra, Baile Átha Cliath 7)

Déan Teagmháil le Self Help; Self Help Development International, Hacketstown, Co. Carlow, Ireland.  
Tel: 059-6471175, 059-6471416  
Fax: 059-6471292  
E-mail: [info@selfhelp.ie](mailto:info@selfhelp.ie)  
Website: [www.selfhelp.ie](http://www.selfhelp.ie)

Maoinithe ag:

